ddletb

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board



# Plean Bliantúil Seirbhíse

2023

FOGHLAIM
ÉACHT
RATH

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

Arna fhaomhadh ag cruinniú den Choiste Airgeadais: 22 Feabhra 2023

Arna fhaomhadh ag cruinniú de Bhord an BOO: 27 Feabhra 2023

# CLÁR NA NÁBHAR


**1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOOÁCDL....5**

**2. Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh....6**

**3. Próifíl/Cúlra Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire....7**

Próifíl .... 7

Bord BOOÁCDL .... 7

An Struchtúr Eagraíochtúil .... 8

Acmhainní.... 8

Léarscáil gheografach de limistéar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire .... 9

Soláthar Seirbhíse: Cineál, Suíomh agus Rannpháirtithe .... 10

**4. RÁITEAS STRAITÉISE ....13**

Fís, misean, luachanna agus téamaí/spriocanna.... 13

Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht.... 14

Sreabhadh Oibre an Timthrialla Pleanála.... 14

**5. RÁITEAS SEIRBHÍSÍ 2023....16**

**6. FORLÉARGAS AR SHEIRBHÍSÍ 2023 ....22**

Ráiteas na Seirbhísí – Scoileanna .... 22

Scoileanna Náisiúnta Pobail .... 22

Iar-Bhunscoileanna .... 23

Digital Connect BOOÁCDL – 'Daoine a Nascadh chun an Fhoghlaim a Fheabhsú' .... 25

Ionad Coinneála agus Suíomhanna Aonad Sainchúraim.... 25

Ráiteas na Seirbhísí – Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) .... 27

Ráiteas na Seirbhísí – Seirbhísí Óige.... 30

Ráiteas na Seirbhísí – Seirbhísí Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta.... 37

**7. FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS RÉAMH-MHEASTA 2023 ....41**

**Fáltais ....41**

**Íocaíochtaí ....41**

**Barrachas / (Easnamh) Airgid Thirim don Bhliain ....41**

**Íoc 42**

**Neamhphá....42**

**Cláir Ghaolmhara....42**

**Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna ....44**

**Aguisín A ....45**

I. Líon na nDaltaí i Scoileanna Náisiúnta Pobail agus i Scoileanna Speisialta Pobail .... 45

II. Líon na Scoláirí in Iar-Bhunscoileanna .... 46

III. Áiteanna faofa i gColáistí Iar-Ardteistiméireachta .... 47

**Aguisín B – Foirgnimh ....48**

IV – Clár Tógála Scoileanna ........ 48
V - Scéim Cóiríochta Breise na Roinne in BOOÁCDL ........ 50

# 1. TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH BOOÁCDL

Tugtar achoimre sa phlean seirbhíse seo ar an soláthar atá beartaithe i limistéar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire i réimse leathan gníomhaíochtaí sna scoileanna, coláistí, ionaid agus seirbhísí. Mar an Cathaoirleach, tá ríméad orm Plean Bliantúil Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, 2023 a chur i láthair.

Tá daonra mór, atá éagsúil ó thaobh teanga agus eitneachta de, ag BOOÁCDL. Is ionann na 862,468 duine sa dobharcheantar agus os cionn 17% den daonra náisiúnta agus os cionn 60% de dhaonra réigiún Bhaile Átha Cliath, de réir na sonraí daonáirimh is déanaí. Freagraíonn BOOÁCDL do riachtanais foghlaimeoirí ar leibhéal na bunscoile, na hiar-bhunscoile agus an bhreisoideachais agus oiliúna.

Is léir ón bhfás a chonacthas i réimsí éagsúla gníomhaíochta in 2022 go bhfuil BOOÁCDL ag fás agus ag forbairt gach bliain. Tá BOOÁCDL ag cur seirbhísí ar fáil do chohórt níos mó foghlaimeoirí gach bliain. Cé go bhfuil dúshláin fós le sárú againn ó thaobh acmhainní de, creidim gur dearbhú agus gur léiriú é an luach atá á chur ar fáil sna scoileanna agus sna hionaid oideachais go léir ar an tsárobair atá á déanamh ag an bhfoireann. Tá cóiríocht nua agus cóiríocht uasghrádaithe á soláthar ar fud na trí limistéar comhairle, i.e. Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Áth Cliath Theas agus Fine Gall, faoin gclár tógála atá ag leanúint ar aghaidh. Tá tionscadail mhóra tógála á bpleanáil faoi láthair do roinnt suíomhanna. In 2023, beidh BOOÁCDL ag leanúint lena chinntiú gur seirbhísí ábhartha agus freagrúla a dhírítear ar an todhchaí a chuirtear ar fáil, agus, san am céanna, go gcuirtear níos mó deiseanna agus bealaí chun cinn ar fáil don fhoghlaimeoir.

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin chun Ráiteas Straitéise BOOÁCDL a fhorbairt in 2021 agus d'fhaomh Bord BOOÁCDL i mí Dheireadh Fómhair 2022 é. Straitéis uaillmhianach í atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir.

Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar an bhfoireann agus ar na foghlaimeoirí mar a théimid i gcomhar le chéile leis na tosaíochtaí atá leagtha amach sa phlean seo a bhaint amach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo chomh maith as BOOÁCDL a chur chun cinn mar an tseirbhís is rogha le scoláirí, foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara.

Guím gach rath oraibh ar fad.
Claire Markey
**Cathaoirleach**

## 2. RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Mar an Príomhfheidhmeannach, tá rímead orm Plean Bliantúil Seirbhíse 2023 a chur i láthair thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Plean tábhachtach é seo agus léiriú é ar eagraíocht a leanann uirthi ag dul i dtaithí ar chúrsaí, ag fás agus ag déanamh dul chun cinn d'fhonn freastal ar riachtanais ár bpobail, a bhíonn ag athrú de shíor. Mar eagraíocht, léiríomar athléimneacht, cruthaitheacht agus nuálaíocht iontach in 2022, rud a dhéanfaimid arís in 2023.

Is é cuspóir an phlean ná tosaíochtaí agus spriocanna a leagan amach a chinnteoidh go mbeidh ár gcuid seirbhísí idir dhírithe agus fhreagrúil. Tá cuspóirí tosaíochta leagtha síos ag gach stiúrthóireacht agus tá torthaí intomhaiste ar leith ag baint le gach ceann acu, rud a chinnteoidh go gcuirfimid ár gcuspóirí straitéiseacha chun cinn de réir mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise cúig bliana, 2022-2026. Is é ár misean straitéiseach ná "seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna ábhartha agus cuimsitheacha ar ardchaighdeán a sholáthar a fhreagraíonn do riachtanais éagsúla ár bhfoghlaimeoirí, ár bpobal agus ár bpáirtithe leasmhara". Mar eagraíocht, táimid meáite ar shármhaitheas agus feabhas leanúnach a bhaint amach toisc gurb é ár bhfís ná "saol daoine a athrú trí fhoghlaim, trí fhorbairt agus trí thacaíocht, rud a chuirfidh ar a gcumas d'fhoghlaimeoirí gaisce a dhéanamh i ndomhan atá ag athrú de shíor". Leis an Ráiteas Straitéise nua, cuirtear leis an dul chun cinn, tiomantas agus nuálaíocht a chonacthas le cúig bliana anuas agus le linn phaindéim Covid19. Tá cúig chroíluach mar thaca aige; Gairmiúlacht, Sármhaitheas, Comhionannas, Meas agus Tacaíocht.

Réamh-mheastar gur thart ar €276m a bheidh sa bhuiséad foriomlán le haghaidh 2023. Leis sin, íocfar as baill foirne agus seirbhísí i Scoileanna Náisiúnta Pobail, Iar-Bhunscoileanna, Scoil Speisialta Pobail, suíomhanna Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) agus Seirbhísí don Óige. Cuirimid seirbhísí oideachais ar fáil in Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh agus in Aonaid Sainchúraim.

I bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar rolluithe sna scoileanna agus na réamh-mheastachán maidir le BOaO, leanfaidh BOOÁCDL le roinnt príomhthionscadal caipitil tógála a thabhairt chun cinn agus tá sé beartaithe againn mórthionscadail chóiríochta bhreise a thabhairt chun cinn le haghaidh scoileanna agus BOaO i limistéir a bhfuil fás mór ag teacht ar an daonra, chun riachtanais na mac léinn go léir a chomhlíonadh.

Thar ceann an BOO, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir, a leanann orthu ag breith an bhairr agus ag cur seirbhís ghairmiúil ar fáil dóibh siúd uile a dtagann siad i dteagmháil leo. Táim thar a bheith buíoch den fhoireann ar fad agus de Bhord an BOO.

**Caitríona Murphy**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**


## 3. PRÓIFÍL/CÚLRA BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE

### Próifíl

Is éard atá i struchtúr corparáideach Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ná bord a cheaptar ar bhonn daonlathach agus foireann bainistíochta (feidhmiúcháin). Freastalaímid ar thrí limistéar chomhairle contae, eadhon Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Áth Cliath Theas agus Fine Gall, áit a bhfuil 862,468[1] duine ina gcónaí. Síneann an limistéar riaracháin a chumhdaítear le BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ó Bhaile Brigín i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath, go Dún Laoghaire sa deisceart agus chomh fada siar le Leamhcán in iarthar an chontae.

### Bord BOOÁCDL


Faoi réir na reachtaíochta, is 21 comhalta atá ar Bhord BOOÁCDL ar an iomlán. Tá réimse saineolais, scileanna agus taithí ag Comhaltaí an Bhoird as a mbaineann siad leas le linn plé de chuid an Boird.




[1] Daonáireamh 2022 Méadú ar an Daonra de réir Údarás Áitiúil: Athbhreithniú ar na Réamhshonraí

## An Struchtúr Eagraíochtúil

Tá struchtúr eagrúcháin BOOÁCDL bunaithe ar cheithre rannán ar leith atá idirnasctha: Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO), Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE), Bunscoileanna agus Seirbhísí Eile agus Iar-Bhunscoileanna.




## Acmhainní



***4,300 Ball foirne***




***Buiséad 2023 thart ar €276m***

€191m ó Ranna, Gníomhaireachtaí agus Féinmhaoiniú agus €85m ó SOLAS

## Léarscáil gheografach de limistéar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

I measc na seirbhísí a chuirimid ar fáil tá oideachas bunscoile, oideachas dara leibhéal, breisoideachas agus oiliúint, Ógtheagmháil agus seirbhísí óige, chomh maith le cláir agus seirbhísí oideachais agus oiliúna eile atá bunaithe sa phobal. Is go háitiúil a chuirtear na seirbhísí go léir ar fáil, mar seo a leanas;




Is iad seo thíos sprioc-chliaint BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire:

- Scoláirí agus/nó a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí
- Foghlaimeoirí aosacha
- Pobail ar fud mhórcheantar Chontae Bhaile Átha Cliath
- Daoine óga, grúpaí don óige agus oibrithe deonacha
- Is é an BOO a dhéanann iarratasóirí agus faighteoirí deontais faoi na scéimeanna éagsúla tacaíochta do mhic léinn a bhainistiú go díreach
- Eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí spóirt
- Aosaigh dhífhostaithe.

| Seirbhís | Líon na Suíomhanna | Líon na Rannpháirtithe/ Tairbhithe* |
|---|---|---|
| Bunscoileanna | *9* | *3,453* |
| Scoileanna Speisialta | *3* | *58* |
| Scoileanna Dara Leibhéal (Gaelcholáistí san áireamh) | *31* | *21,793* |
| Breisoideachas agus Oiliúint | *40* | *34,807** |
| Ranganna Féinmhaoinithe Oideachais d'Aosaigh | *7* | *3,000* |
| Saoráidí Forbartha Óige agus Spórt | *486* | *272,128*** |
| ***Réamh-mheastacháin Iomlána 2023*** | | ***335,239*** |

**As an 272,128 - tá 25,696 i soláthar atá spriocdhírithe ar an óige agus tá an chuid eile rannpháirteach trí na 6 shaoráid spóirt pobail atá laistigh de limistéar riaracháin BOOÁCDL.

**SCOILEANNA NÁISIÚNTA POBAIL**
Scoil Náisiúnta Phobail an Mhóinéir Leathain
Scoil Náisiúnta Phobail Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard
Scoil Náisiúnta Phobail Thamhlachta
Scoil Náisiúnta Phobail Leamhcáin
Scoil Náisiúnta Phobail Aoife
Scoil Náisiúnta Phobail Choilm
Scoil Náisiúnta Phobail Chormaic
Scoil Náisiúnta Phobail Ghráinne
Scoil Náisiúnta Phobail Ghleann na hAbhann

**SCOIL SPEISIALTA PHOBAIL**
Scoil Speisialta Phobail Dhanu

**AONAID ARDTACAÍOCHTA**
Scoil Sainchúraim na Crannóige Nuaí
Scoil Sainchúraim Bhaile Uí Dhúda
Ionad Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh

**SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL**
Coláiste Pobail Bhaile Adaim
Coláiste Pobail Ard Giolláin
Coláiste Pobail Bhaile Brigín
Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha
Coláiste Pobail Fóla
Coláiste Pobail Setanta
Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín
Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh
Coláiste Pobail Dhomhnach Bat
Coláiste Pobail Ériú
Coláiste Pobail Fhine Gall
Coláiste Pobail Theach na Giúise
Coláiste Pobail na Gráinsí
Coláiste na nGlaschnoc
Coláiste Pobail an Ghrífín
Coláiste Pobail Choill an Rí
Coláiste Pobail na Ciseoige
Coláiste Pobail Leamhcáin
Coláiste Pobail Lusca
Coláiste Pobail Bhaile Lotrail
Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn
Coláiste Pobail Ráth Dara
Coláiste Pobail na Sceirí
Coláiste Pobail Fhionáin
Coláiste Pobail Chaoimhín
Coláiste Pobail Mhic Dara
Coláiste Pobail Shoird

**GAELCHOLÁISTÍ**
Coláiste Chilliain Cluain Dolcáin
Coláiste Cois Life Leamhcán
Coláiste de hÍde Tamhlacht
Gaelcholáiste Reachrann

**MUSIC GENERATION**
Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas (Tamhlacht)

**COLÁISTÍ BREISOIDEACHAIS**
Institiúid Bhreisoideachais na Carraige Duibhe
Coláiste Breisoideachais Dhún Droma
Institiúid Bhreisoideachais Dhún Laoghaire
Coláiste Breisoideachais an Naigín
Coláiste Breisoideachais Stigh Lorgan

**SCOILEANNA DHÁ SHOLÁTHAR**
Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín
Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh
Coláiste Pobail na Gráinsí
Coláiste na nGlaschnoc
Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn
Coláiste Pobail Chaoimhín

**SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS D'AOSAIGH**
Seirbhís Oideachais Aosaigh an Oirthuaiscirt
Seirbhís Oideachais Aosaigh an Iarthuaiscirt
Seirbhís Oideachais Aosaigh an Oirdheiscirt
Seirbhís Oideachais Aosaigh an Iardheiscirt

**IONAID OILIÚNA**
Ionad Oiliúna Bhaile Dúill
Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin
Ionad Oiliúna Thamhlachta

**ÓGTHEAGMHÁIL**
Ionad Ógtheagmhála Bhaile Brigín
Ionad Ógtheagmhála Bhaile Bhlainséir
Ionad Ógtheagmhála Chluain Dolcáin
Ionad Ógtheagmhála Leamhcáin
Ionad Ógtheagmhála na Prióireachta (Tamhlacht)
Ionad Ógtheagmhála Ráth Fearnáin
Ionad Ógtheagmhála an Rois
Ionad Ógtheagmhála an Naigín
Ionad Ógtheagmhála Shoird
Ionad Ógtheagmhála Thamhlachta
Ionad Oideachais agus Tacaíochta don Óige

**SAORÁIDÍ FORBARTHA ÓIGE AGUS SPÓRT**
Ionad Spóirt Coláiste Pobail Bhaile Brigín
Ionad Spóirt Pháirc Bhaile Choilín
Ionaid Spóirt Theach na Giúise
Ionad Spóirt Scoil Phobail Chill an Ardáin
Ionaid Spórt Scoil Phobail Bhaile Phámar
Ionad Pobail Bhaile Fiobail

**RANGANNA OIDEACHAIS AOSAIGH (féinmhaoinithe)**
Institiúid Bhreisoideachais na Carraige Duibhe
Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha
Institiúid Bhreisoideachais Dhún Laoghaire
Oideachas agus Oiliúint d’Aosaigh Dhún Droma
Coláiste Pobail Fhine Gall
Oideachas Aosach Chill Tiarnáin
Coláiste Pobail Leamhcáin
Coláiste Pobail Mhic Dara

Music Generation Fhine Gall (le teacht go luath)

**IONAID OILIÚNA PHOBAIL**
Ionad Oiliúna Pobail Bhaile Bhlainséir
Ionad Oiliúna Pobail Dhún Laoghaire
Ionad Oiliúna agus Oideachais Pobail Bhaile Uí Rónáin


Balbriggan
Skerries
Lusk
Rush
Donabate
Swords
Baldoyle
Donaghmede
Blanchardstown
Castleknock
Lucan
Clondalkin
Greenhills
Blackrock
Templeogue
Dún Laoghaire
Citywest &
Saggart
Tallaght
Dundrum
Stillorgan
Rathfarnham
Kilternan
Loughlinstown

## 4. RÁITEAS STRAITÉISE

Sa bhliain 2021, chuir BOOÁCDL tús leis an ullmhúchán chun ár Ráitis Straitéise 2022-2026 a phleanáil, comhairliúchán a dhéanamh air agus é a chur isteach, i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Beidh an Ráiteas mar threoir againn le linn na tréimhse cúig bliana sin. Bhí próiseas comhairliúcháin le gach páirtí leasmhar ábhartha de chuid BOOÁCDL i gceist leis sin. Sa Ráiteas Straitéise seo, tabharfar aird ar ordacháin bheartais na nAirí agus ar na hacmhainní airgeadais is dócha a bheidh ar fáil chun éifeacht a thabhairt don Ráiteas Straitéise nua seo. Tá sé mar thosaíocht le haghaidh 2023 a chinntiú go gcloífear go hiomlán leis na spriocdhátaí tuairiscithe arna leagan síos ag an Roinn Oideachais.

### Fís, misean, luachanna agus téamaí/spriocanna

Is é **misean** BOOÁCDL seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna ábhartha agus cuimsitheacha ar ardchaighdeán *a sholáthar* a fhreagraíonn do riachtanais éagsúla ár bhfoghlaimeoirí, ár bpobal agus ár bpáirtithe leasmhara. Is í **fís** BOOÁCDL saol daoine a *athrú* trí fhoghlaim, trí fhorbairt agus trí thacaíocht, rud a chuirfidh ar a gcumas d'fhoghlaimeoirí gaisce a dhéanamh i ndomhan atá ag athrú de shíor. *Tacaíonn* na cúig **chroíluach** seo a leanas leis an misean agus leis an bhfís;

1. Gairmiúlacht
2. Sármhaitheas
3. Comhionannas
4. Meas
5. Tacaíocht

Tá ceithre thosaíocht straitéiseacha do 2022-2026 sainaitheanta ag BOOÁCDL agus tá sprioc ardleibhéil ag gach tosaíocht mar a leanas:

**Strategic Priorities**

| Learners | Staff | Organisation | Stakeholders |
|---|---|---|---|
| **Strategic Goal:** To provide high quality education, training and services which are delivered in a supportive environment and deliver the best outcomes possible for our learners | **Strategic Goal:** To support and inspire our staff to perform and develop, keeping the learner at the heart of everything we do and striving for excellence. | **Strategic Goal:** To strengthen the value, impact and reputation of our organisation through efficiency, flexibility and aspiring for excellence throughout the organisation. | **Strategic Goal:** To work collaboratively with a range of stakeholders to maximise our impact in our communities and drive economic and social development in the regions we serve. |

Tá a sraith gníomhartha straitéiseacha féin ag gach sprioc. Tá na cuspóirí agus tosaíochtaí sin ceaptha cabhrú le BOOÁCDL na deiseanna a thiocfaidh chun cinn a thapú agus dul i ngleic leis na dúshláin atá rompu go ceann roinnt blianta. Cuirfidh BOOÁCDL an foghlaimeoir i gcroílár gach a ndéanaimid. Creidimid go bhfuil an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ríthábhachtach i dtaobh forbairt agus folláine phearsanta, cuimsiú sóisialta agus rathúnas eacnamaíoch. Leanfaidh BOOÁCDL ar aghaidh ag cinntiú go gcomhlíonann sé ceanglais na reachtaíochta agus an Chóid Chleachtais um Rialachas BOOanna.

Is é an aidhm fhoriomlán atá againn ná cabhrú lenár bhfoghlaimeoirí barr a gcumais a bhaint amach. Déanaimid gach iarracht eispéireas foghlama a chur ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, is cuma cén aois iad nó cé na cumais atá acu. Tá treoraíocht agus tacaíochtaí ar fáil dár gcuid foghlaimeoirí le cabhrú leo a spriocanna foghlama, cáilíochtaí agus roghanna dul chun cinn a bhaint amach. Tá áitribh agus acmhainní oiriúnacha dár gcuid foghlaimeoirí mar chuid ríthábhachtach dár dtiomantas don oideachas ionchuimsitheach. Coinnímid i gcuimhne na freagrachtaí atá orainn i ndáil le cearta an duine agus comhionannas, mar sholáthraí seirbhíse agus mar fhostóir araon. Is modh riachtanach í an teicneolaíocht mar bhealach le cur le foghlaim, comhoibriú agus cumarsáid i measc ár bhfoghlaimeoirí

agus páirtithe leasmhara. Chuige sin, táimid ag obair lena chinntiú go mbeidh ár gcórais dhigiteacha inrochtana, iontaofa agus cosanta.

Cinntíonn BOOÁCDL go bhfuil rochtain ag an bhfoireann ar dheiseanna forbartha gairmiúla. Leis an méid sin a bhaint amach, cuirimid ar a gcumas do bhaill foirne a bheith ina gcleachtóirí machnamhacha, a scileanna a fheabhsú, agus comhoibriú le comhghleacaithe leo. Aithnímid gur féidir forbairt ghairmiúil a éascú ar roinnt bealaí éagsúla: ó chláir chreidiúnaithe go ceardlanna agus líonraí foghlama gairmiúla.

Is maith is eol dúinn gurb iad na baill foirne tacaíochta agus riaracháin inár scoileanna, ionaid agus seirbhísí, agus na príomhfheidhmeanna tacaíochta sa Cheannoifig, a chumasaíonn cuid mhaith dár saothar mar eagraíocht. Tá meas ollmhór againn ar a ndéanann na Boird Bhainistíochta éagsúla a thacaíonn le BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar an leibhéal eagraíochtúil agus ar leibhéal na scoileanna, na n-ionad, na gcoláistí agus na seirbhísí dár gcuid. Lena chois sin, oibrímid as lámha a chéile le príomheagraíochtaí agus le príomhghníomhaireachtaí go háitiúil agus go náisiúnta ar son seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár bhfoghlaimeoirí.

## Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Cuireadh an Plean Seirbhíse seo i dtoll a chéile d'fhonn tacú le cur chun feidhme ár Ráitis Straitéise. Leagtar amach sa Straitéis ár dtosaíochtaí agus ár spriocanna thar thréimhse 5 bliana, agus leanaimid orainn ag tacú lena seachadadh i dtimpeallacht atá ag athrú de shíor. Agus an plean seo á fhorbairt, ghlac Ceannairí Sinsearacha ar fud na heagraíochta cur chuige comhoibríoch. Cinntíonn sé sin go bhfuil na gníomhartha sa phlean seo ag teacht leis na spriocanna agus gníomhartha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Cinntíonn sé sin freisin gur féidir na torthaí do 2023 a bhaint amach. Chun seachadadh na dtorthaí a chumasú, is trí phróiseas comhoibríoch a stiúrfaidh an fhoireann na tionscadail agus a dtacóidh siad leo.


Chomh maith leis an méid thuas, tacóidh na grúpaí seo a leanas (mar shampla) le seachadadh an phlean seo:

- An Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta (FSC)
- An Fhoireann Bainistíochta um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)
- An Fhoireann Bainistíochta um Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO)
- Líonraí Príomhoidí
- Forbairt agus Tacaíocht
- Digital Connect
- Creat ÉITIS


Bunaítear grúpaí ildisciplíneacha nó tras-seirbhíse don tionscnamh tosaigh ar bhonn leanúnach m.sh. Grúpa Oibre na Meán Digiteach.

## Sreabhadh Oibre an Timthrialla Pleanála

**Ráiteas 5 Bliana**




**An Timthriall Bliantúil Pleanála**



## 5. RÁITEAS SEIRBHÍSÍ 2023

De réir théarmaí an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOOÁCDL, sainaithníodh na haidhmeanna agus na tosaíochtaí seo a leanas. Seo a leanas na bearta ar leith a bheidh ag teastáil leis na tosaíochtaí seo a chur i bhfeidhm, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna le baint amach a bhaineann leo;

| Sprioc | Tosaíocht | Gníomhaíocht | Táscairí feidhmíochta | Sprioc | Sprioc Straitéiseach/Spriocanna Straitéiseacha |
|---|---|---|---|---|---|
| Eispéireas an Dalta/an Fhoghlaimeora a Optamú | Eispéireas foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe | Pleanáil agus tacaíochtaí d'fheabhsú scoile a chuíchóiriú chun riachtanais gach dalta a chur san áireamh | Bíonn cruinniú uair sa téarma ag na comhordaitheoir go léir ar fud ár líonraí m.sh. Féinmheastóireacht Scoile, RSO, DEIS | Gach iar-bhunscoil | 1.1, 1.2, 1.3, 1.9 |
| | | Líonraí foghlaimeoirí a fhorbairt le béim ar 'ghuth an dalta' | Athbhreithniú ar an gclár Pátrúin Maitheas Mise, Maitheas Thú! (GMGY)/Folláine trí phróiseas na féinmheastóireachta | Bíonn na 10 scoil SNP rannpháirteach in Iniúchtaí maidir le Féinmheastóireacht Scoile/Ag Féachaint Ar Ár Scoileanna, ag tacú le "Guth an Dalta" | 1.8, 1.9, 1.10 |
| | | Fóram rannpháirtíochta foghlaimeoirí SNP a bhunú | Ócáid bhliantúil d'fhoghlaimeoirí SNP a bhunú | Glacann gach scoil fhorbartha SNP páirt i dTráth na gCeist chomhtháite d'fhoghlaimeoirí BOOÁCDL | |
| | | Samhail shaincheaptha a bhunú don Ghairmthreoir san Ionad Coinneála agus sna hAonaid Sainchúraim | Próiseas 'faoi stiúir an mhic léinn' a ghlactar san Ionad Coinneála agus sna hAonaid Sainchúraim maidir le conairí foghlama ar fud na n-ionad go léir | Creat um Shuíomh Foghlama Malartach (SFM) don Ghairmthreoir curtha ar bun i 3 Shuíomh Shainchúraim | |
| | | Seirbhísí tacaíochta TFC a sholáthar do scoileanna i mbéal forbartha | Soláthar agus seirbhís mhéadaithe | Leanfar leis an gClár Digital Connect sna scoileanna uile atá i mbéal forbartha | |
| | | Cleachtais chuimsitheacha a leabú trí dhaoine a spreagadh chun deiseanna maidir le Deacrachtaí | Méadú ar líon na múinteoirí/teagascóirí BOaO a ghnóthaíonn suaitheantas digiteach | 20 múinteoir/teagascóir BOaO breise a bhfuil an suaitheantas digiteach UDL acu in 2023 | 1.1, 1.4, 1.9 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Troma agus Iomadúla Foghlama (PLD) a thapú tríd an suaitheantas digiteach AHEAD um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) a ghnóthú. | um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim in 2023. | | |
| | | A chinntiú go seachadtar oideachas agus oiliúint agus seirbhísí ar ardchaighdeán. | Plean Feabhsaithe Cáilíochta BOaO arna fhorbairt le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a chomhaontú. | Na gníomhartha feabhsaithe cáilíochta a comhaontaíodh le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe 2023-2026 | 1.1, 1.3, 1.10 |
| | Tacú le daltaí/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil de réir an bheartais náisiúnta reatha | Braislí a sholáthar inár 10 scoil DEIS 3/3/4 go geografach | Cruinnithe rialta bunaithe ar riachtanais braislí éagsúla m.sh. plean DEIS, litearthacht dhigiteach, soláthar a léarscáiliú | Gach scoil DEIS | 1.2, 1.5, 1.6, 1.8, 1.9 |
| | | Scéimeanna feabhsaithe oideachais a sholáthar do gach duine óg idir 12-16 bliana d'aois trí sholáthar Seirbhísí Óige | Méadú ar líon na mac léinn sa Chlár Foghlama Malartach (CFM)<br>Tá struchtúr foirmiúil i bhfeidhm maidir le haistriú, coinneáil agus forchéimniú foghlaimeoirí | Is é 91 an sprioc CFM do 2023<br>Ag Féachaint Ar Ár nIonad- Creat Cáilíochta don Oideachas i bhfeidhm i 5 suíomh CFM | 4.1, 4.3, 4.5, 4.7 |
| | | A chinntiú go soláthrófar Céim 3 den Chreatphlean seachadta le haghaidh Music Generation Fhine Gall | Cláir cheoil shaincheaptha agus moil uirbeacha seachadta do spriocghrúpaí sainaitheanta | Suíomhanna Sainchúraim, grúpaí Míchumais, an óige LADTI+, Clár Athstiúrtha don Óige an Gharda Síochána, Óige an Lucht Siúil, CFM, DEIS agus scoileanna atá i mbéal forbartha.<br>Bunaíodh 3 Mhol Uirbeacha | |
| | | Dea-chleachtas reatha a roinnt maidir le tacaíocht airgeadais a sholáthar d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas tríd an gciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas | Rochtain ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas (CMLM) a mhéadú sna hionaid/scoileanna/coláistí BOaO go léir le haghaidh iontógáil an Fhómhair 23 | Méadú 20% ar ráta glactha na bhfoghlaimeoirí maidir leis an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas ar feadh BOaO BOOÁCDL | 1.4, 1.9 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Bacainní d'fhoghlaimeoirí a laghdú trí rochtain ar thacaíochtaí airgeadais a mhéadú. | An Ciste Rochtana a chur i bhfeidhm, ar ciste é a chuireann tacaíocht airgeadais ar fáil do thionscadail ar aidhm leo laghdú a chur ar bhacainní ar rannpháirtíocht san oideachas d'fhoghlaimeoirí leochaileacha agus d'eagraíochtaí pobail a oibríonn i gceantair faoi mhíbhuntáiste | Minicíocht na nglaonna ar iarratais a mhéadú chuig 2 ghlao in aghaidh na bliana, rud a mhéadóidh rochtain ar thacaíochtaí agus a laghdóidh na bacainní ar rannpháirtíocht d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais | |
| | | An straitéis Litearthacht d'Aosaigh don Saol a chur i bhfeidhm | Comhghuaillíocht Litearthachta Réigiúnach a fhorbairt chun comhoibriú a spreagadh i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara i soláthar na Litearthachta d'Aosaigh | Comhghuaillíocht Litearthachta Réigiúnach amháin ar a laghad a bhunú in BOOÁCDL faoi dheireadh Ráithe 4 2023 | |
| | A chinntiú go bhfuil na bearta cosanta leanaí riachtanacha go léir i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna, 2017 | Oifigeach Forbartha um Chosaint Leanaí (CL) ceaptha | Clár imeachtaí Forbartha Gairmiúla CL lena n-áirítear baill foirne i suíomhanna sainchúraim | Gach Príomhoide, Leas-Phríomhoide & comhalta BOO/Boird Bainistíochta in Iar-bhunscoileanna, Bunscoileanna agus i suíomhanna malartacha | 1.3, 1.10, 2.1, 2.3, 3.1, 3.3 |
| | | | A chinntiú go bhfuil na bearta cuí uile maidir le cosaint leanaí i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna, 2017 | A chinntiú go dtionóltar 3 chruinniú den Choiste Ógtheagmhála gach bliain | |
| | A chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna, 2017 | Grúpa Maoirseachta BOOÁCDL um Chosaint Leanaí a bhunú. Suirbhé Athbhreithnithe ar Rialachas um Chosaint Leanaí | 3 Chruinniú den Ghrúpa um Chosaint Leanaí in aghaidh na bliana.<br>Suirbhé a dhearadh de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017 agus é a scaipeadh ar scoileanna | An tAthbhreithniú ar Chosaint Leanaí le comhlíonadh go hiomlán ag Bord Bainistíochta gach scoile | 1.10, 3.3 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Cláir Chosanta | Cabhrú leis an ROS, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a éiríonn as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus soláthar a dhéanamh d'iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta | Áiteanna scoile a thairiscint chun soláthar oideachais do dhídeanaithe a chinntiú | Comhordaitheoir REALT a cheapadh agus cruinnithe rialta REALT leis na páirtithe leasmhara go léir | Gach scoil a bhfuil áiteanna scoile ar fáil acu | 3.8, 4.3 |
| | | Teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir chun a chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais teanga agus oideachais na ndídeanaithe agus na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. | Leanúint de mhéadú a chur ar líon na n-iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta a ghlacann páirt i BOaO BOOÁCDL in 2023 | Measann BOOÁCDL go dtiocfaidh méadú breise 18% ar líon na ndaoine a bhaineann leas as soláthar BCTE in 2023 | 1.2, 1.3, 1.4 |
| Rialachas | Freastal ar chruinnithe boird. | Ba cheart do gach bord an ceanglas maidir le freastal ar gach cruinniú boird de réir an Chóid Cleachtais do Rialachas BOOnna a chur i dtábhacht arís | Líon cruinnithe agus córam arna chomhlíonadh | Freastal comhaltaí Boird ar chruinnithe Boird | 3.3 |
| | Féinmheasúnú Bord | Ba chóir do gach bord féinmheasúnuithe a dhéanamh, agus úsáid á baint as an gceistneoir sa<br><br>Chód Cleachtais, chun réimsí a shainaithint ina bhfuil gá le feabhsúcháin | Féinmheasúnú déanta | Le comhlánú ag Bord an BOO | 3.3 |
| | Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais | Ba cheart don bhord daoine a cheapadh chun na gcoistí iniúchóireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Ba cheart do chomhaltaí seachtracha na gcoistí na scileanna agus an taithí chuí a bheith acu le haghaidh an róil. | Tá saineolas cuí ag Coistí Iniúchóireachta agus Riosca agus ag Coistí Airgeadais i réimsí an iniúchta agus an airgeadais | Tá coistí comhdhéanta de chomhaltaí a bhfuil cáilíochtaí agus taithí ábhartha acu<br><br>Tionóltar comhchruinniú bliantúil idir na Coistí Airgeadais agus na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca chun eolas agus saineolas a roinnt | 3.3 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Measúnú an Bhoird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Ba cheart do chathaoirleach gach boird a chinntiú go gcuirtear tuairiscí i scríbhinn ar fáil do chomhaltaí an bhoird maidir leis an obair a dhéanann an coiste airgeadais agus an coiste iniúchóireachta agus riosca de réir mar a cheanglaítear air nó uirthi a dhéanamh faoin gCód Cleachtais do Rialachas BOOnna. | Tuairiscíonn ionadaithe ón gCoiste Airgeadais agus ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca do Bhord an BOO | Cuirtear cóipeanna de mhiontuairiscí nagcruinnithe ar aghaidh chuig Bord an BOO<br><br>Tionóltar comhchruinniú bliantúil idir na Coistí Airgeadais agus na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca chun eolas agus saineolas a roinnt | 3.3 |
| | Féinmheasúnú ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Ba cheart do chathaoirligh an choiste iniúchóireachta agus riosca agus an choiste airgeadais araon a chinntiú go gcuirtear féinmheasúnú i gcrích gach bliain de réir mar a éilítear faoin gCód Cleachtais do Rialachas BOOnna. | Feabhsúchán a chur i bhfeidhm mar is cuí | Déanta ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca | 3.3, 3.4 |
| | Forbairt Foirne* | Ba chóir don phríomhfheidhmeannach na nithe seo a chinntiú:<br><br>- go gceapfar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna<br>- go ndéantar anailís ar riachtanais oiliúna sa bhainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil<br>- go ndéantar clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Na baill foirne a aithint a bhfuil freagracht bhreise orthu as cláir oiliúna agus deiseanna sonracha a stiúradh<br><br>Comhoibriú le BOOÉ ar chláir oiliúna lárnacha do chomhaltaí an Bhoird de réir mar is cuí | Oiliúint a sholáthar do Chomhaltaí Boird agus don fhoireann chuí | 2.1, 2.3, 2.6 |
| | Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne | Ba cheart cloí leis na spriocdhátaí a shocróidh an Roinn. | Tuairiscí eisithe go tráthúil | Déanfaidh BOOÁCDL a dhícheall freastal ar gach iarratas ón Roinn Oideachais | 3.4 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Beartas Bainistíochta Riosca | Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfuil próiseas ar bun go leanúnach chun sainaithint a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann don eagraíocht agus chun dul i ngleic leo sin. Ba cheart don choiste iniúchóireachta agus riosca tacú leis an mbord sa ról seo. | An Clár Riosca a chothabháil, a bhainistiú agus a fheabhsú<br><br>Ar a laghad 2 Sheisiún Bainistíochta Riosca breise a sholáthar do bhainisteoirí faoi dheireadh 2023 | Athbhreithniú leanúnach ag an bhFoireann Shinsearach Ceannaireachta, an Grúpa Rialachais, gach scoil agus ionad agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | 3.3 |
| | Rialuithe Inmheánacha | Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfaigheann sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar is ceart. | Tá rialuithe inmheánacha ag obair go héifeachtach agus faoi réir athbhreithnithe | Tá rialuithe inmheánacha i bhfeidhm agus athbhreithnítear iad | 3.3, 3.4 |

*Is éard atá i gceist leis seo ná BOaO ag cinntiú go dtugtar freagracht fhoriomlán do bhall dá fhoireann reatha as maoirseacht agus feidhmiú na hoiliúna ar fud an BOaO. Is é is cuspóir leis sin ná a chinntiú go mbeidh cur chuige straitéiseach ciallmhar éifeachtúil i leith na hoiliúna i ngach réimse feidhme. Féadfaidh ról mar sin a bheith ann taobh istigh de struchtúir agus socruithe reatha ar fud an BOaO. Ní gá ról lánaimseartha a dhéanamh de. An ghné is tábhachtaí de ná go mbeidh ball foirne ann agus freagracht agus maoirseacht iomlán ar an duine sin as an gclár oiliúna..

# 6. FORLÉARGAS AR SHEIRBHÍSÍ 2023

## Ráiteas na Seirbhísí – Scoileanna

### Scoileanna Náisiúnta Pobail

Tá BOO Bhaile Átha Cliath & Dhún Laoghaire ina phátrún ar naoi Scoil Náisiúnta Pobail agus Scoil Speisialta Phobail amháin, Scoil Speisialta Phobail Danu i mBaile Átha Cliath 15. Éiteas ilchreidmheach atá ag Scoileanna Náisiúnta Pobail, a bhfuil cúig chroíluach mar bhonn agus mar thaca acu: Barr Feabhais san Oideachas, Cúram, Cothromas, Pobal agus Meas.

Tá baint BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire leis an mbunoideachas ina dúshlán agus ina deis ag an am céanna. Tá uileghabhálacht na Scoileanna Náisiúnta Pobail go léir ar cheann dá saintréithe. Mealltar leanaí ó gach cúlra chuig samhail na Scoileanna Náisiúnta Pobail de bharr gur maith is eol go bhfaighidh siad oideachas ar ardchaighdeán, a ullmhóidh iad don saol i sochaí ilchreidmheach, ilchultúrtha i ndiaidh na scoile. Tá fás tagtha ar shamhail na Scoileanna Náisiúnta Pobail le roinnt blianta anuas trí scoileanna nua a bhunú i limistéir ina bhfuil fás déimeagrafach chomh maith le hathchumrú na scoileanna atá ann cheana go Scoileanna Náisiúnta Pobail trí phróiseas aistrithe pátrúnachta scoile.

Tá fás ag teacht ar an éileamh ó thuismitheoirí ar an Stát chun rogha níos leithne de chineálacha scoile a sholáthar seachas samhlacha aon-sainchreidmheacha. Tá fás ag teacht ar an éileamh in Éirinn freisin ar bhunscoileanna a bhainistítear go poiblí mar go dtí seo, tá siad á maoiniú go poiblí ach á mbainistiú go príobháideach. Le samhail na Scoileanna Náisiúnta Pobail a fhorbairt, freagraítear don dá éileamh sin agus léiríonn sí éabhlóid an-spreagúil in oideachas na hÉireann, éabhlóid a gcuirtear fáilte roimpi.

Tá na tacaíochtaí a chuireann BOOÁCDL ar fáil mar bhonn agus thaca ag ardchaighdeán an tsoláthair sna scoileanna sin. Áirítear ar na tacaíochtaí sin

- Oiliúint bhraisle agus tacaíocht shaincheaptha agus chomhtháite á soláthar i gcomhpháirtíocht leis an CNOS
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do mhúinteoirí
- Ionduchtú Múinteoirí
- Forbairt éitis agus tacaíocht forbartha don Chlár Pátrúin (GMGY)
- Clár Ceannaireachta Múinteoirí (TLP), Clár um Cheannaireacht Láir (MLP)
- Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta
- Tacaíocht do Bhoird Bainistíochta
- Cláir Forbartha agus Tacaíochta Ceannaireachta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí
- Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile.



Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina phátrún ar 31 iar-bhunscoil agus cuirfidh réimse seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna sin, amhail seirbhísí agus tacaíochtaí airgeadais, acmhainní daonna, tógála, cothabhála agus oideachasúla.

Tá na Coláistí Pobail de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina gcuid dhílis den saol ina bpobail áitiúla. Tá cur chuige cuimsitheach acu agus cuidíonn siad le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach sa tsochaí. Cuireann siad ar chumas daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh oideachais de i dtimpeallacht dhearfach, spreagúil. I measc na gclár atá á soláthar inár gcoláistí pobail tá:

- An tSraith Shóisearach
- Scoileanna Sraithe Sóisearaí
- An Idirbhliain
- An Ardteistiméireacht
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Tá réimse iomlán ábhar, lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht, á múineadh sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon. Spreagtar scoláirí chun páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim cosúil le drámaíocht, ceol, díospóireacht agus spórt.

D'fhonn na caighdeáin teagaisc agus foghlama is airde ar fad agus an t-eispéireas oideachasúil is fearr is féidir a chinntiú dá scoláirí agus mic léinn, cuirfidh BOOÁCDL tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna uile maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Ionduchtú Múinteoirí, an Clár Ceannaireachta do Mhúinteoirí (TLP), an Clár um Cheannaireacht Láir (MLP), Litearthacht Teanga agus Uimhearthacht, Oideachas Speisialta, Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta, Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile, Cosaint agus Cumhdach Leanaí, Tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, Béarla mar Theanga Bhreise, chomh maith le Cláir Forbartha agus Tacaíochta Ceannaireachta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus dóibh siúd a bhfuil poist mheánbhainistíochta acu. Le hobair forbartha, tugtar tacaíocht don dea-chleachtas ó thaobh teagasc agus foghlaim ionchuimsitheach a fheabhsú ar gach leibhéal ar an gContanam Tacaíochta le haghaidh gach dalta, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta bhreise oideachais acu san áireamh. Bíonn cruinnithe go rialta ag líonraí gairmiúla comhoibríocha arb é is aidhm dóibh tacú le pleanáil do **riachtanais speisialta bhreise oideachais agus pleanáil DEIS**, mar aon le cuairteanna ar scoileanna. Reáchtáiltear ceardlanna agus forbairt ghairmiúil leanúnach le deiseanna a thabhairt d'fhoirne scoileanna an dea-chleachtas a scaipeadh agus a fhorbairt. Leis an obair forbartha le haghaidh riachtanais speisialta bhreise oideachais agus DEIS, tugtar tacaíocht do scoileanna chun straitéisí scoile uile a chruthú chomh maith le comhairle lena bpleanáil a chur i bhfeidhm. Cuirtear oiliúint agus tacaí maidir le **Cosaint agus Cumhdach Leanaí** ar fáil do bhainistíocht scoile, do phearsanra na scoile agus do Bhoird Bhainistíochta chun cur i bhfeidhm iomlán an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Nósanna Imeachta ROS um Chaomhnú Leanaí do Scoileanna, agus na ceanglais iontu, a chinntiú. Cuimsíonn an tacaíocht sin gach gné de Chosaint agus Cumhdach Leanaí le haghaidh phearsanra scoile lena n-áirítear tacaíocht shaincheaptha d'fhoirne bainistíochta agus ceannaireachta scoile. Cuirimid oiliúint ar leith ar fáil do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nuacheaptha dá róil mar Theagmhálaithe Ainmnithe (DLPanna), chomh maith le forbairt ghairmiúil leanúnach do DLPanna atá ann cheana féin, oiliúint i scríbhneoireacht Tuarascálacha Maoirseachta um Chosaint Leanaí, tacaíocht maidir le Cigireacht Scoile um Chosaint Leanaí (CPSI) agus athbhreithnithe ar Ráitis um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca. Tugtar tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta chun tuiscint a fháil ar a róil agus ar a bhfreagrachtaí maidir le Cosaint Leanaí agus Maoirseacht trí oiliúint agus tacaíocht leanúnach.

Oibríonn an **tOifigeach Forbartha BCTE** ar fud na heagraíochta chun tacú le forbairt teanga mac léinn/foghlaimeoirí i ngach suíomh h ar de bhunadh na himirce iad, agus oibríonn sé/sí le gníomhaireachtaí seachtracha agus le BOOanna eile. Trí phríomhghníomhaíocht do dhéagóirí agus do dhaoine fásta atá i gceist leis an tacaíocht sin: déantar measúnú ar fhoghlaimeoirí agus úsáid á baint as triail socrúcháin oiriúnaitheach Cambridge English, atá ar líne, le haiseolas a thabhairt do mhic léinn maidir leis an leibhéal teanga atá acu (a chuirtear i gcomparáid leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha) chun tacú le haistriú agus dul chun cinn laistigh den eagraíocht agus ina dhiaidh sin (foghlaim ar feadh an tsaoil). Mar chuid den tacaíocht tá oiliúint múinteoirí ar fáil do mhúinteoirí ábhair iar-bhunscoile (CLIL) agus dianchúrsa do mhúinteoirí an Bhéarla mar Theanga Bhreise agus do mhúinteoirí BCTE. Tagann **líonra** múinteoirí iar-bhunscoile **Béarla mar Theanga Bhreise** le chéile 3 huaire sa bhliain chun forbairt phearsanta a

dhéanamh. Reáchtáladh tionscadal píolótach ar líne in 2022/23 chun tacú le múinteoirí BOaO machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas i gcomhar le KWETB. Ar deireadh, is Ionad scrúduithe údaraithe ar son Cambridge English is ea BOOÁCDL. Reáchtáiltear scrúduithe ar 3 leibhéal den Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (A2, B1 agus B2) i mBealtaine agus Meitheamh do dhaoine fásta agus iarrthóirí ó scoileanna. Tá príomhionad scrúduithe BOOÁCDL suite i nGeata Thuain, Tamhlacht.

Tugann **Comhordaitheoir Éitis** BOOÁCDL tacaíocht do scoileanna agus iad ag obair chun Creat Éitis nua BOaO a chur i bhfeidhm. Bíonn an duine sa ról sin ag obair go dlúth le foirne agus le bainistíocht scoileanna leis na tacaíochtaí agus na hacmhainní a theastaíonn a chur ar fáil. Bíonn an duine ag obair chomh maith i gcomhar le BOaOnna eile, le BOOÉ agus le OCBÁC.

Tá an Clár athchóirithe **'An Ceangal Ceannaireachta',** a chuimsíonn an Clár Ceannaireachta do Mhúinteoirí agus an Clár athfhorbartha um Cheannaireacht Láir, dhá bhliain ar an bhfód anois. Is é is aidhm don dá chlár daoine ar mian leo bheith ina gceannairí agus ceannairí láir inár n-eagraíocht a shainaithint, a chothú agus tacú leo. Is cláir dheimhnithe a mhaireann aon bhliain amháin iad an dá chlár. Tugtar tacaíocht do scoileanna tríd an gClár Ceannaireachta do Mhúinteoirí i gcás na dtionscadal a dtugann siad fúthu mar chuid den chlár sin. Díríonn an Clár um Cheannaireacht Láir ar scileanna agus eolas ár sealbhóirí poist API agus APII a fhorbairt.

Is é is aidhm dó deiseanna éagsúla d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a fhorbairt agus a sholáthar do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus fostaithe sna réimsí féinmheastóireacht scoile agus pleanála, Folláine/Meabhairshláinte agus forbairt phearsanta, Cosaint Leanaí, etc.

Tugann BOOÁCDL tacaíocht d'**Fheachtais Phátrúnachta** chomh maith le hiad a chomhordú. Bítear ag obair i gcomhar le ranna, scoileanna agus ionaid eile de chuid BOOÁCDL chun imeachtaí agus cláir éagsúla a chur chun cinn agus le feasacht faoin mbranda a fhorbairt.

Tá taighde fairsing déanta ag **Foireann BOOÁCDL um Straitéis do na Meáin Dhigiteacha** agus tá Straitéis do na Meáin Shóisialta agus Dhigiteacha forbartha acu. Tá an straitéis sin faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach faoi láthair. Tá ár Líonra Meán Digiteach ag obair go maith le chéile chun cur chuige comhtháite agus comhoibríoch ar na meáin shóisialta agus dhigiteacha atá ag an eagraíocht a chinntiú. Tá sé sin ag tacú le feasacht níos fearr faoin mbranda agus aitheantas air, agus tugann sé teachtaireacht shoiléir don phobal. Tá seisiúin oiliúna agus treorach do chomhordaitheoirí ár meán sóisialta sceidealaithe chun cabhrú le cruthú inneachair agus lena chinntiú go leanfar ár dtreoirlínte brandála agus stíle agus ár straitéis do na meáin shóisialta.

Tá rannóg Acmhainní Daonna BOOÁCDL ag obair go dlúth lenár bhfoireann chun straitéisí **earcaíochta** a fhorbairt agus BOOÁCDL a chur chun cinn mar rogha fhostóra. Tá spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha sainaitheanta mar chuid de straitéis chun cuidiú le tionscnaimh earcaíochta. Tá **Straitéis Chumarsáide** do BOOÁCDL á forbairt ag an bhFoireann Cumarsáide freisin agus tá siad ag obair go dlúth le scoileanna agus ionaid chun tacú le gníomhaíochtaí cur chun cinn, cumarsáid, feasacht faoin mbranda agus comhordú imeachtaí.

De bhreis ar an tacaíocht thuasluaite, cuirfear tacaíocht ar fáil freisin le ceapadh beartais agus rialachas ach oibriú ar bhonn leanúnach le Boird Bhainistíochta agus foirne bainistíochta scoile, agus oiliúint a chur orthu.

Cuireann DDLETB raon leathan deiseanna oideachais atá fadréimseach agus cuimsitheach ar fáil do mhic léinn. Cuid lárnach do sholáthar clár do na mic léinn is ea FGL agus tacaíocht do mhúinteoirí. Cuirtear Forbairt agus Tacaíochtaí **RSO agus DEIS** ar fáil trí phobail chleachtais ar gach leibhéal ar chontanam na tacaíochta. Reáchtáiltear an **Suaitheantas UDL** gach bliain, rud a thugann deiseanna do mhúinteoirí cleachtas cuimsitheach a fhorbairt ar leibhéal tacaíochta an tseomra ranga. Éascaíonn líonraí do chomhordaitheoirí RSO/AEN agus DEIS bainistíocht leanúnach ar shamhail soláthair gach scoile agus forbairt córais nua chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais uile na mac léinn do chách, agus go háirithe an líon beag mac léinn a dteastaíonn ionchur breise uathu chun barr a gcumais a bhaint amach. Éascaítear forbairt straitéiseach ar **FMS (Féinmheastóireacht Scoile)** gach scoile leis an **Líonra FMS** nuabhunaithe, áit a gcuirtear fáilte roimh phríomhchainteoirí ar ceannairí náisiúnta iad maidir le feabhsú scoile, chun bualadh le foireann na gComhordaitheoirí FMS chun treoraíocht a thabhairt ar an tionscnamh a stiúradh ina gcuid scoileanna. Cuirtear tacaíochtaí inscoile ar fáil do gach réimse (RSO, DEIS, UDL, FMS, etc.) chun cabhrú le foirne scoile cleachtais chuimsitheacha a chur i bhfeidhm de réir a n-acmhainní agus a dtosaíochtaí féin.

Cuireann an **Clár Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí** fáilte roimh chomhghleacaithe nua chuig ár n-eagraíocht. Tarlaíonn imeacht gach bliain a thugann deiseanna do mhúinteoirí nua bualadh le baill lárnacha d'fhoireann riaracháin BOOÁCDL (m.sh., AD, TFC) agus le príomhchainteoir ar ábhair ábhartha amhail bainistíocht agus tacaíocht iompraíochta nó ABAR

(Frith-Leatroim, Frithchiníochais) chun a gcleachtas a threorú agus iad ag tosú ar a gcleachtas múinteoireachta i scoileanna.

Ar phríomhréimse oibre le scoileanna sa bhliain 2023/24 beidh tacaíocht leanúnach a chur ar fáil trí **Sheirbhís Tacaíochta Síceolaíochta BOOÁCDL**. Tá an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta ar fáil do scoláirí agus mic léinn in iar-bhunscoileanna, ionaid ógtheagmhála agus earnálacha ina soláthraítear Breisoideachas, agus do bhaill foirne de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Tugann an tSeirbhís tacaíocht ghearrthéarmach agus soláthraíonn tacaíochtaí síceolaíocha leathana d'úsáideoirí na Seirbhíse arna iarraidh sin ag an scoil/ionad. Éascaíonn an tSeirbhís atreorú scoláirí agus mac léinn chuig sainghníomhaireachtaí eile a oireann dá gcuid riachtanas. Cuimsítear le ról na Seirbhíse Tacaíochta Síceolaíochta ionchur sainiúil i réimsí an taighde agus na hoiliúna agus i dtionscnaimh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar leibhéal córasach.

## Digital Connect BOOÁCDL – 'Daoine a Nascadh chun an Fhoghlaim a Fheabhsú'

Cumasaíonn ardáin thacaithe BOOÁCDL cumarsáid agus comhoibriú níos fearr i ngach comhthéacs de chuid BOOÁCDL.

Thacaigh agus d'fhorbair oiliúint foirne i ngach earnáil de BOOÁCDL faoi 'Thionscadal Digital Connect' le rannpháirtíocht foirne i ngach ardán tacaithe de chuid BOOÁCDL a bhaineann lena n-earnáil. Ailíníonn agus tacaíonn tacaíocht fhíorúil All Digital le 'Straitéis FCT BOaO 2106-2019' agus 'Straitéis Dhigiteach 2ú Leibhéal 2015-2020.'

Tacaíocht láraithe d'fhoghlaimeoirí trí sheisiúin éagsúla pobail foghlama, a bhíonn idir idirghníomhach agus tarraingteach. Tacú le húsáid ardán tacaithe de chuid BOOÁCDL, eadhon Seesaw, Microsoft 365 agus Moodle.

Foireann BOOÁCDL a nascadh tríd an bhFoireann Chianfhoghlama, fís faoin gcaoi ar féidir le cumarsáidí fíorúla cleachtais deacrachtaí maidir le suíomh agus am a shárú. Tá cinntithe ag an bhfoireann seo go roinntear an cleachtas fíorúil is fearr ar fud BOOÁCDL gan teorainn. Níl teorainn leis na féidearthachtaí a bhaineann le naisc fhíorúla den sórt sin.

Cinntítear nascacht fheabhsaithe trí chuntas Microsoft 365 a thabhairt do gach foghlaimeoir. Cinnteoidh cuntas aonair d'fhoghlaimeoirí, a bheidh siad in ann a úsáid dá gcuid uirlisí fíorúla go léir, go mbeidh an teicneolaíocht cuíchóirithe agus go mbeidh gach foghlaimeoir in ann rochtain uirthi beag beann ar a chumas, a scileanna nó a riachtanais. Tosaíocht de chuid BOOÁCDL é rochtain chothrom a thabhairt do gach foghlaimeoir.

Bealach iad ardáin nasctha do BOOÁCDL foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil a chur chun cinn leis na bealaí seanbhunaithe foghlama fisiciúla atá ar fáil cheana féin a fheabhsú. Is féidir aistear foghlaimeora a nascadh anois le comhthéacsanna éagsúla ar fud BOOÁCDL.

Tugann Microsoft 365 deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, nascacht ar fud eagraíochta agus deis do gach ball foirne agus foghlaimeoir dul i dtaithí ar ardán foghlama a fheabhsaíonn a saol agus a dtaithí gairmiúla.

Mar chuid de Thionscadal Digital Connect chomh maith le cur i bhfeidhm an Chreata Straitéise Digití in 2021, bhaineamar na héachtaí seo a leanas amach: -

- Ainmníodh scoil BOOÁCDL mar 'Apple Distinguished School'.
- Bronnadh an Duais Eorpach do Scoileanna Digiteacha ar scoil DEIS eile (scoil amháin as cúig cinn ar fad in Éirinn)
- Bhí scoil de chuid BOOÁCDL ar an gcéad scoil DEIS sa chontae a bhain amach stádas mar scoil ina mbeidh gléas ag gach dalta, scéim arna seoladh ag an Taoiseach Micheál Martin.

## Ionad Coinneála agus Suíomhanna Aonad Sainchúraim



Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina Phátrún ar dhá shuíomh Aonaid Sainchúraim (SCU) agus scoil amháin ar Ionad Coinneála Leanaí (CDC) í. Cuireann BOOÁCDL raon seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna sin, lena n-áirítear Acmhainní Daonna (AD), Seirbhísí Corparáideacha, tacaíocht TF chomh maith le tacaíocht ó struchtúir ghéarthacaíochta oideachais.

Meascán fachtóirí a fhágann go socraítear na scoláirí sna scoileanna sin, rud a chruthaíonn dúshláin faoi leith. Áirítear orthu sin caidrimh dhearfacha, thacúla a fhorbairt lena gcothófar slándáil agus folláine mhothúchánach agus meon fabhrach i leith na foghlama. Tá dúshláin ann freisin maidir le cláir foghlama saincheaptha aonair a fhorbairt bunaithe ar fhoghlaim réalaíoch a fhreastalóidh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

Cuireann na suíomhanna sainchúraim sin cur chuige tacúil, difreáilte agus spriocdhírithe ar fáil maidir le soláthar oideachais agus dul chun cinn do dhaoine óga. Baineann gné athshlánúcháin leis na suíomhanna sin agus soláthraíonn siad príomhphointe iontrála agus athcheangail do gach foghlaimeoir chuig Creat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NFQ).

I measc na gcuraclam a chuirtear ar fáil sna suíomhanna casta sin tá:

- An Teastas Sóisearach
- An Ardteistiméireacht
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- QQI

Cuirtear raon iomlán ábhar ar fáil lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht, lena n-áirítear taithí oibre spriocdhírithe de réir phlean foghlama aonair an dalta faoin CNC.

Tá na tacaíochtaí a chuireann BOOÁCDL ar fáil mar bhonn agus thaca ag ardchaighdeán an tsoláthair sna suíomhanna sin. Áirítear ar na tacaíochtaí sin

- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do mhúinteoirí
- Ionduchtú Múinteoirí
- Clár Ceannaireachta Múinteoirí (TLP), Clár um Cheannaireacht Láir (MLP)
- Teangacha, Litearthacht agus Uimhearthacht
- Oiliúint san Oideachas Speisialta
- Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta
- Tacaíocht do Bhoird Bainistíochta
- Cláir Forbartha agus Tacaíochta Ceannaireachta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí
- Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile

Gné thábhachtach den tacaíocht speisialaithe a chuirtear ar fáil sna suíomhanna sin is ea an ról sonrach atá ag BOOÁCDL maidir le foireann bhainistíochta na scoile a threorú i gcur i bhfeidhm na moltaí ó Chigireacht agus ó Fhéinmheastóireacht Scoile. I bhfianaise chastacht na ndaltaí sna suíomhanna sin, dírítear go príomha ar na nithe seo a leanas leis na spriocréimsí tacaíochta sin:

- Teagasc, foghlaim agus gnóthachtáil
- Litearthacht agus Uimhearthacht
- Scileanna Saoil
- Dul Chun Cinn Oideachais agus
- Pleanáil ar leibhéal na scoile uile, ar leibhéal an tseomra ranga agus ar leibhéal an dalta aonair



Is tráth iontach spéisiúil é seo do BOaO in Éirinn agus aitheantas á thabhairt ag an rialtas agus ag páirtithe leasmhara eile do luach BOaO agus don tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Trí líonra de 40 ionad, scoil, agus coláiste Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) ar fud an réigiúin, is é is aidhm do BOOÁCDL freastal ar riachtanais daonra éagsúil atá ag fás go tapa.

Tá ionchais arda ann faoin méid a fhéadfaidh BOaO a bhaint amach sa todhchaí agus tá na hionchais sin á meaitseáil le hinfheistíocht. D'fhógair Simon Harris, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, roinnt fógraí suntasacha in 2022, ina measc infheistíochtaí ar fiú na milliúin iad in uasghrádú bonneagair do 2 ionad BOaO i gContae Átha Cliath Theas agus infheistíocht dar luach €45 mhilliún i bhforbairt shuaitheanta nua d'Fhine Gall.

Todhchaí mhaith atá i ndán don BOaO in BOOÁCDL, agus leanfaimid de bheith uaillmhianach do na pobail ar a bhfreastalaímid agus den mhéid leathnaithe is gá chun freastal ar a riachtanais oideachais agus oiliúna a bhaint amach. In 2023, tógfaidh BOaO ar na deiseanna arna gcur ar fáil ag na Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna atá ag teacht chun cinn chun feasacht faoi BOaO a ardú i bpobail. Tá pleananna ann chun leas a bhaint as an gcumas atá ag Coláistí BOaO le go mbeidh BOaO ina rogha níos tarraingtí do gach foghlaimeoir agus chun eispéireas foghlaimeora níos sruthlínithe agus níos cuimsithí a éascú le conairí simplithe agus rochtain níos éasca do chách.

**Tairbhithe 2022 agus Réamh-mheastacháin do 2023.**

Aithnítear, in ainneoin na srianta agus na neamhchinnteachta a chruthaigh an phaindéim ó mhí an Mhárta 2020, go raibh seirbhísí BOaO in BOOÁCDL "an-athléimneach i gcónaí, *gur coinníodh sreabhadh na foghlama ar bun, gur tugadh tacaíocht d'fhoghlaimeoirí agus gur coinníodh ionchuir agus torthaí láidre ar bun in go leor réimsí*"[2].
Sa Phlean Seirbhíse do 2022, mheas na hionaid/scoileanna agus coláistí BOaO go dtiocfadh méadú 26% ar ghníomhaíocht. Cé gur réamh-mheastachán uaillmhianach a bhí ann, tá an sprioc sin bainte amach agus is 29,447 líon iarbhír na dtairbhithe a ghlac páirt sa BOaO in 2022. Is téarnamh láidir é sin don BOaO agus is éacht suntasach é d'fhoireann BOaO agus dár bpáirtithe leasmhara tar éis dhá bhliain shuaite mar gheall ar an bpaindéim.

Tá seirbhísí BOaO ag tuar go mbeidh 34,807 duine rannpháirteach i soláthar seirbhísí BOaO in 2023. B'ionann é sin agus méadú 18% ar líon na dtairbhithe a baineadh amach in 2022 agus ba mhéadú suntasach a bheadh ann ar na rátaí rannpháirtíochta a bhí ann roimh an bpaindéim.

[2] An Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach 2022-2024

Tá miondealú réamh-mheasta seo thíos ar an líon daoine a bhainfidh tairbhe as soláthar BOaO in 2023:

| **Clár** | **Réamh-mheastacháin 2023** |
|---|---|
| Litearthacht d'Aosaigh | 3052 |
| Printíseacht 2016+ | 396 |
| Printíseachtaí ceardaíochta | 1634 |
| Oiliúint Chumaisc* | 275 |
| Grúpaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas | 3240 |
| Oideachas Pobail | 5758 |
| Ionaid Oiliúna Phobail | 217 |
| BCTE | 5610 |
| Oiliúint Tráthnóna | 1798 |
| Uaireanta Comhair BOaO | 94 |
| DTOBA | 0 |
| Conairí chuig BOaO ón scoil | 18 |
| Ceardlanna um Cheartas | 51 |
| Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 256 |
| Coláiste ar líne* | 119 |
| IAT | 4974 |
| Scileanna Oibre | 841 |
| Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh | 2050 |
| Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe | 323 |
| Oiliúint i Scileanna Sonracha | 2377 |
| Cúrsaí Oiliúna: Fostaithe* | 521 |
| Cúrsaí Oiliúna | 157 |
| SDOG | 353 |
| Ógtheagmháil | 693 |
| **Iomlán** | **34,807** |

Nótaí:

- Cúrsaí Oiliúna: Fostaithe: Cé go réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an soláthar do Chúrsaí Oiliúna do dhaoine fostaithe, táthar ag freastal ar fhoghlaimeoirí i bhfostaíocht faoi sholáthar méadaithe Scileanna Oibre (SFW) agus Scileanna le Dul Chun Cinn a Dhéanamh (STA). Is féidir STA agus SFW a sholáthar thar thréimhsí níos giorra agus tá siad níos tarraingtí d'fhoghlaimeoirí i bhfostaíocht.
- Oiliúint Chumaisc: Tabhair faoi deara, cé go réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar Fhoghlaim Chumaisc, tá freastal á dhéanamh ar fhoghlaimeoirí le Coláiste Ar Líne, a réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú suntasach air in 2023.

**Tosaíochtaí Straitéiseacha don BOaO in 2023**

***Foghlaimeoirí BOaO***

Is é an sprioc atá againn in BOOÁCDL oideachas, oiliúint agus seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, a chuirtear ar fáil i dtimpeallacht thacúil agus a bhaineann na torthaí is fearr is féidir amach dár bhfoghlaimeoirí.

- **Dearbhú Cáilíochta an tSoláthair BOaO**

Deis iontach a bhí sa Chéad Athbhreithniú ar Chórais um Dhearbhú Cáilíochta sa Bhreisoideachas agus Oiliúint in 2022 chun ár gcórais agus ár bpróisis féin um dhearbhú cáilíochta a mheas, chun réimsí atá le feabhsú a shainaithint agus chun oibriú le painéal athbhreithnithe neamhspleách chun bealaí a shainaithint lena bhféadfaimid cultúr cáilíochta a leabú tuilleadh ar fud na seirbhísí BOaO. In 2023, bunaithe ar mholtaí an phainéil athbhreithnithe sheachtraigh, comhaontófar Plean Feabhsaithe Cáilíochta le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus cuirfear gníomhartha feabhsaithe cáilíochta i bhfeidhm ar bhonn céimnithe idir 2023 agus 2026.

**Eispéiris an Fhoghlaimeora**

Is é is aidhm do sholáthar BOaO BOOÁCDL cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais scileanna oibre agus scileanna don saol, atá chomh ríthábhachtach céanna, trí sholáthar a thacaíonn le saoránacht agus rathúnas ar fud na bpobal agus a fhorbraíonn caipiteal sóisialta. Leanfaidh BOOÁCDL de rannpháirtíocht ag foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe atá i mbaol míbhuntáiste oideachais a spreagadh, de dhíriú ar na grúpaí is deacra teagmháil a dhéanamh leo, de thacaíocht foghlaimeora comhsheasmhach a chinntiú agus de chleachtais chuimsitheacha a leabú sa soláthar go léir, chun eispéireas foghlama dearfach do chách a chinntiú.

*"Is le gach duine é BOaO agus spreagann sé daoine muinín a bheith acu astu féin agus barr a gcumas a bhaint amach"*[3]

- ***Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí***

Is tosaíocht náisiúnta ag BOaO agus ag BOOÁCDL í an chuimsiú a chothú agus in 2023, méadóimid ár bhfócas ar thacú le foghlaimeoirí chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach. Leanfaimid orainn ag díriú ar chleachtais chuimsitheacha a leabú trí bhaill foirne BOaO a spreagadh chun na deiseanna PLD a thapú tríd an suaitheantas digiteach AHEAD um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) a ghnóthú. Déanfaimid ár ndícheall freisin tacaíochtaí comhsheasmhacha airgeadais a fháil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas sa soláthar BOaO go léir trí bheartas agus treoirlínte soiléire a chur i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí in 2023.

- **Bacainní ar rannpháirtíocht i mBreisoideachas agus Oiliúint a laghdú**

Leanfaidh BOaO ar aghaidh ag obair le páirtithe leasmhara ar leibhéal an phobail chun tacú le riachtanais na spriocghrúpaí is leochailí, ag cur leis an rochtain ar BOaO agus ag cruthú deiseanna nua do chách. Leathnófar ciste REACH in 2023 ós rud é gur shócmhainn shuntasach é chun naisc a dhéanamh le heagraíochtaí pobalbhunaithe agus go spreagann sé laghduithe breise ar na bacainní ar rannpháirtíocht d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.

Is tosaíocht i gcónaí é cur i bhfeidhm na Straitéise Litearthachta d'Aosaigh agus bunófar Comhghuaillíochtaí Litearthachta Réigiúnacha a spreagann comhoibriú i measc príomhpháirtithe leasmhara sa soláthar Litearthachta d'Aosaigh i réigiún BOOÁCDL.

***Táirge ábhartha agus freagrúil a sholáthar agus scileanna a fhorbairt.***

- ***Cláir Chosanta***

Leanfaidh BOaO ar aghaidh ag cabhrú leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun freastal ar na riachtanais teanga agus na riachtanais oideachais eile atá ag dídeanaithe agus iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Mar gheall ar an gcogadh san Úcráin, tháinig méadú go dtí 4,767 ar líon na dtairbhithe de chláir Bhéarla (ESOL) in 2022. Tá cuir chuige ilpháirtithe leasmhara ar bun ag seirbhísí BOaO chun freastal ar riachtanais chasta an ghrúpa sin agus tá méadú breise 18% ar a laghad in 2023 réamh-mheasta acu.

[3] Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach 2022-2024 - Torthaí BOaO sa todhchaí.

- **Scileanna a Fhorbairt don Lucht Saothair**

Oibreoidh BOOÁCDL chun a chinntiú go mbeidh sraith céimithe a mbeidh na scileanna riachtanacha acu do mhargadh an tsaothair mar fhianaise láidir ar an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch atá ag breisoideachais agus oiliúint. Bainfear an cuspóir sin amach trí raon clár BOaO nua agus nuálach atá beartaithe do 2023 a fhorbairt agus a sholáthar. Leanfaidh BOaO ar aghaidh ag freagairt don chlár oibre um scileanna glasa trí raon micrea-cháilíochtaí a rolladh amach agus a bhailíochtú, ar cáilíochtaí iad a thacóidh le forbairt Scileanna Glasa agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Chun cabhrú leis an riaráiste mar gheall ar an bpaindéim a laghdú go náisiúnta, leanfaidh BOOÁCDL dá mbonneagar agus dár n-acmhainn chun printíseachtaí ceardaíochta a sholáthar a leathnú amach agus oibreoidh sé le gach BOO, le BOOÉ agus na hearnálacha an ardoideachais chun an Plean Gníomhaíochta maidir le Printíseacht a chur i gcrích.

***Forbairt Foirne***

**Is é an sprioc atá againn ná tacaíocht agus spreagadh a thabhairt dár bhfoireann chun feidhmiú agus forbairt, an foghlaimeoir a choinneáil i gcroílár gach rud a dhéanaimid agus dréim le barr feabhais a bhaint amach.**

Rinneadh feabhsuithe suntasacha in 2022 ar ár n-acmhainn chun riachtanais forbartha foirne a shainaithint agus freagairt dóibh agus tógfaidh FET ar na feabhsuithe sin trí Oifigeach Gairmiúil, Foghlama agus Forbartha (PLD) a cheapadh go luath in 2023. Cuirfidh an Mol Gairmiúil, Foghlama agus Forbartha nua le rochtain ar fhaisnéis agus feabhsóidh sé cumarsáid faoi dheiseanna PLD atá ar fáil d'fhoireann BOaO.

Tabharfar athbhreithniú ar an gclár Forbartha Ceannaireachta BOaO chun críche in 2023 agus forbrófar raon deiseanna nua PLD a dhéanfaidh freastal ar riachtanais forbartha na gceannairí BOaO atá ann cheana agus a spreagfaidh acmhainneacht cheannairí BOaO amach anseo.

**Is é an sprioc atá againn ná luach, tionchar agus cáil ár n-eagraíochta a neartú trí éifeachtúlacht, solúbthacht agus uaillmhian chun barr feabhais a bhaint amach ar fud na heagraíochta.**

Is tosaíocht straitéiseach ag BOOÁCDL iad rialachas agus cuntasacht agus is tosaíocht do 2023 é acmhainn na mbainisteoirí BOaO a mhéadú chun rioscaí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Leanfaidh Seirbhísí BOaO ar aghaidh ag cur le bonneagar digiteach agus an acmhainn chun sonraí a bhainistiú. Tabharfar tacaíocht d'fhoirne BOaO chun acmhainneacht an ardáin bheo/na ndeaiseanna nua a uasmhéadú chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht BOaO maidir le baint amach spriocanna. Díreofar ar fheabhas a chur ar ár n-acmhainn na sonraí beo a chuirtear ar fáil a úsáid mar bhonn eolais do chinnteoireacht maidir le soláthar BOaO agus cad is gá a dhéanamh chun ár spriocanna a bhaint amach agus a chinntiú go dtabharfaidh soláthar BOaO luach maith ar airgead poiblí.

Le tacaíocht ó fhoireann na Seirbhísí Foirgneamh agus SOLAS, leanfaimid de dhul chun cinn a dhéanamh ar an tsraith tionscadal caipitil a cuireadh faoi bhráid SOLAS in 2022 agus ar na hUasghráduithe Bonneagair Straitéisigh a ceadaíodh d'fhoirgnimh BOaO i mBaile Átha Cliath Thiar Theas. Déanfar staidéar féidearthachta iomlán in 2023 i ndáil le Coláiste suaitheanta BOaO a ceadaíodh do cheantar Fhine Gall.

**Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara**

**Is é an sprioc atá againn ná oibriú i gcomhar le réimse páirtithe leasmhara chun ár dtionchar inár bpobail a uasmhéadú agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a spreagadh sna réigiúin ar a bhfreastalaímid.**

Leanfaidh BOaO ar aghaidh ag obair le BOOÉ agus le heagraíochtaí eile lena chinntiú go mbeidh feasacht níos fearr ar BOaO agus go bhfuil meas ag foghlaimeoirí, fostóirí, an rialtas agus pobail air. Chuige sin tá rannpháirtíocht in imeachtaí poiblíochta amhail comhdhálacha BOaO "Seachtain BOaO" etc. ina thosaíocht ag BOaO in 2023.

Spreag an moladh maidir le hearnáil Oideachais Threasaigh Chomhaontaithe rannpháirtíocht le comhghleacaithe in Institiúidí Ardoideachais agus táthar ag súil go mbeidh comhthionscnaimh agus conairí feabhsaithe um aistriú agus forchéimniú idir BOaO agus Ardoideachas mar thoradh air sin sa bhliain atá romhainn.



Cuireann Seirbhís Forbartha Óige agus Spóirt BOOÁCDL raon leathan tacaí ar fáil lenar féidir soláthar agus comhordú a dhéanamh ar chláir, tionscadail agus seirbhísí ardchaighdeáin oideachais, spóirt, áineasa agus forbartha do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Is iad an Comhionannas, an Comhar, an Nuálaíocht, an Ghairmiúlacht agus an tIonracas ár dtreoirphrionsabail oibríochtúla maidir leis na seirbhísí a sholáthraímid. Déantar an méid sin i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla, grúpaí deonacha agus eagraíochtaí óige deonacha ar nós Crosscare, Foróige agus YMCA.

Tá freagracht reachtach ar BOOÁCDL tacú le soláthar, comhordú agus riar seirbhísí oibre don ógra. Leagtar an méid sin amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is é feidhm BOOÁCDL maidir le hobair don ógra ná:

- Tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre don ógra ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i ndáil le tacaíocht den sórt sin a sholáthar; agus
- Measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach (An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013).

Is clár oideachais pleanáilte é Obair don Óige chun forbairt phearsanta agus shóisialta na ndaoine óga a fheabhsú, ar shlí lena gcomhlánaítear a n-oideachas foirmiúil, a n-oideachas acadúil nó a ngairmoideachas agus a gcuid oiliúna (An tAcht um Obair Ógra, 2001).

Tá an obair don ógra dírithe go príomha ar dhaoine óga idir 10 agus 24 bliain d'aois agus baineann sí amach raon torthaí do dhaoine óga, mar shampla, scileanna cumarsáide agus cothú muiníne agus caidrimh, trí ghníomhaíochtaí a mbíonn taitneamh, dúshlán agus foghlaim fite fuaite ina chéile iontu.

Glacann Seirbhís Forbartha Óige agus Spóirt BOOÁCDL an fhís atá leagtha amach in *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile (2014-2020)* chuici féin, is í sin:

"go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a gcluintear a nguth agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí." (RLGÓ, 2014a, lch. 22).

Tá ionadaíocht ag Roinn Seirbhís Forbartha Óige agus Spóirt BOOÁCDL ar chuid mhór coistí áitiúla agus Boird Bhainistíochta. Tá an ionadaíocht sin ríthábhachtach chun pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun dul i ngleic le príomhchuspóirí agus príomhthorthaí daoine óga mar a léirítear i mbeartais náisiúnta an rialtais, amhail an Straitéis Náisiúnta Drugaí, 2017-2025; Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile, 2014-2020 agus an Straitéis Náisiúnta Óige, 2015-2020. I measc na gcoistí sin tá Coiste na Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga, Comhairle na nÓg, an Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus an Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil.

Soláthróidh BOOÁCDL rialachas, maoirseacht agus riarachán ar mhaoiniú tuairim is €12,000,000 do thionscadail agus do sheirbhísí óige in 2023

As an 272,128 rannpháirtí a réamh-mheastar a bheidh ann in 2023, tá 25,696 i soláthar spriocdhírithe ar an óige agus tá an chuid eile rannpháirteach trí na 6 shaoráid spóirt pobail atá laistigh de limistéar riaracháin BOOÁCDL.

### Cláir (Spriocdhírithe) atá á mBainistiú go Díreach ag Seirbhís BOOÁCDL um Fhorbairt Spóirt agus Óige

Ina theannta sin, cuireann an Roinn na Seirbhíse um Fhorbairt Spóirt agus Óige roinnt cláir spriocdhírithe ar fáil atá á mbainistiú ar bhonn díreach. Cuireann foireann na hOibre don Ógra agus an Oifigigh Spóirt Óige, BOOÁCDL, na cláir seo a leanas ar fáil.

*Foireann Spórt Óige*

- **Ignite**

Dearadh IGNITE chun na príomhghnéithe den spórt, den obair don ógra agus den oideachas a mheascadh chun dul i gcomhar le daoine óga. Cuirfidh an clár ar a gcumas do 16 rannpháirtí na scileanna agus an mhuinín a bhaint amach chun filleadh ar an oideachas nó ar oiliúint bhreise nó chun dul ar aghaidh i mbun fostaíochta. Foghlaimeoidh siad scileanna a chabhróidh leo dul chun cinn a dhéanamh ar an gconair seo. Lena chois sin, cuirfidh sé ar chumas na ndaoine

óga páirt níos mó a ghlacadh sna deiseanna spóirt a thiocfaidh chun cinn ina bpobal féin. Nuair a chuirfidh siad clár IGNITE i gcrích, gheobhaidh daoine óga creidiúnú ó chúig cinn d'fhorais spóirt i spóirt éagsúla, beidh modúl ar leibhéal 3, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, acu i scileanna agallaimh agus beidh siad níos mó ar an eolas ó thaobh eochairscileanna de, lena n-áirítear cumarsáid, réiteach fadhbanna agus obair bhuíne. Déanfar Ignite a sholáthar i mBaile Brigín in 2023

- **Sporting Pathways**

Cuireadh tús leis an gclár Pathways Spóirt i mí na Samhna 2022 agus beidh sé ar siúl go dtí Márta 2023. Ritear an clár Sporting Pathways i mBaile Brigín thar thréimhse 12 sheachtain agus é dírithe ar 8-10 duine óg atá tar éis an scoil a fhágáil agus/nó atá ar tí an scoil a fhágáil go luath. I measc na ngníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil tá clár aclaíochta, marcaíocht ar chapall agus bainistiú stábla agus ailleadóireacht.

- **Seoltóireacht**

Bíonn an clár seoltóireachta ar siúl um Cháisc agus le linn an tsamhraidh agus é dírithe ar dhaoine óga ó cheantair faoi mhíbhuntáiste nach bhfaigheadh an deis chun taithí mar sin a fháil de ghnáth. Is é BOOÁCDL a dhéanann an clár a reáchtáil i gcomhpháirtíocht le KWETB. De bharr gurb é 8 an líon uasta daoine in aghaidh an ghrúpa, glacfaidh tuairim is 520 duine óg páirt sna cláir seoltóireachta um Cháisc agus sa Samhradh.

Deimhníodh go reáchtálfar seisiúin seoltóireachta i rith shéasúr na Cásca, ón 3 Aibreán 2023 go dtí an 14 Aibreán 2023 ach amháin ar an deireadh seachtaine. Tá seoltóireacht an tsamhraidh le tarlú ón 3 Iúil 2023 - 4 Lúnasa 2023 ach amháin ar an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Dúshlán don Aos Óg Gníomhach**

Faoin Dúshlán don Aos Óg Gníomhach, iarrtar ar chlubanna óige, grúpaí óige agus scoileanna sraith caighdeán a chomhlíonadh i dtaobh 12 uair an chloig de ghníomhaíochtaí coirp in 12 sheachtain chun a bheith incháilithe do Ghradam Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire maidir leis an Dúshlán don Aos Óg Gníomhach. Ní mór do Chomhordaitheoirí Gníomhaíochta na gníomhaíochtaí agus an tinreamh do gach seisiún gníomhaíochta a thaifeadadh sa logleabhar atá ar fáil. Glacann thart ar 300 duine óg páirt sa chlár agus chláraigh 35 grúpa óige le bheith rannpháirteach. I measc na ngníomhaíochtaí éagsúla a rinneadh tá ciorcaid aclaíochta, seoltóireacht, cadhcáil agus rugbaí leaiste.

- **Cláir Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp**

Clár spóirt agus gníomhaíochta coirp 4 - 6 seachtaine a chur ar fáil do dhaoine óga atá ag freastal ar thionscadail óige, grúpaí deonacha, aonaid sainchúraim agus cláir spriocdhírithe eile de chuid BOOÁCDL. I measc na ngníomhaíochtaí tá ciorcad aclaíochta, cispheil, uni-hoc agus sacar oiriúnaithe. Tá 45 grúpa cláraithe go dtí seo agus is do ghrúpaí óige spriocdhírithe atá an soláthar de réir riachtanais na Scéime Maoinithe, Do Spás Do Áit.

- **Tionscnaimh don samhradh agus tionscnaimh leath-théarma**

Cuirfear tús le Ceardlann Spóirt an tSamhraidh go luath i mí an Mheithimh agus beidh sí ar siúl go deireadh mhí Lúnasa. Tá sé deartha go speisialta chun freastal ar riachtanais spóirt gach grúpa atá maoinithe ag BOOÁCDL. Is féidir le gach grúpa den sórt sin, ionaid spóirt BOOÁCDL ina measc, clárú chun leas a bhaint as an tseirbhís seo. Mairfidh na ceardlanna 2-3 uair an chloig le haghaidh gach áirithinte. Cuimsítear leis na ceardlanna gníomhaíochtaí spóirt / seisiúin neartaithe foirne chun dúshláin a chur roimh dhaoine óga i spóirt agus gníomhaíochtaí éagsúla. Is bealach iontach é an soláthar spóirt chun comhtháthú sóisialta a fheabhsú sa ghrúpa, agus cuireann sé feabhas ar ghnéithe beartacha / teicniúla d'fhorbairt an duine óig. Glacfaidh thart ar 200 duine óg páirt ann.

Beidh an Tionscnamh Lár Téarma ann agus beifear ag obair le spriocghrúpaí daoine óga agus ag díriú ar ghníomhaíochtaí amhail treodóireacht. Tá foireann Óige & Spóirt BOOÁCDL ag tabhairt faoi oiliúint i gCeannairecht Treodóireachta.

*Bainisteoirí ar Ionaid Spórt Dhá Fheidhm*

- **Ionaid Spórt Dhá Fheidhm**

Déanann an tSeirbhís Forbartha Óige agus Spóirt sé ionad spóirt dhá fheidhm a bhainistiú ar fud limistéir riaracháin Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá na hionaid suite i mBaile Brigín, Baile Fiobail, Baile Phámar, Baile Choilín, Teach na Giúise agus Cill an Ardáin. Ceantair iad atá faoi an-mhíbhuntáiste. Faightear cistiú le haghaidh na n-ionad spórt dhá fheidhm ó Pobal tríd an gClár Seirbhísí Pobail (CSP), ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Bainfidh thart ar 455,662 úsáideoir leas as na hIonaid Spóirt Dhá Fheidhm gach bliain agus bainfidh 253 ghrúpa pobail agus deonach ar an meán úsáid as na saoráidí. Cinntíonn Clár na nIonad Spóirt Dhá Fheidhm go gcuirtear saoráidí agus seirbhísí spóirt ar ardchaighdeán ar fháil do dhaoine óga

agus is aidhm linn na háiseanna úrscothacha seo a chur ar fáil do scoileanna comhpháirtí dara leibhéal, scoileanna náisiúnta áitiúla agus Seirbhísí Pobail agus Óige araon. Tá i gceist leis sin samhail ghnó atá aireach go sóisialta agus a úsáideann na brabúis chun na saoráidí a rith agus a chothabháil le go mbeidh fáil ag na glúnta atá le teacht orthu, chomh maith le hoiliúint a chur ar an bhfoireann, le poist inbhuanaithe a chur ar fáil agus lena chinntiú go gcuirtear seirbhís inacmhainne ar fháil don phobal. http://www.ddletb.ie/youth/youth-andsport-developmentservice/facilities/

Cuireann na hIonaid Spóirt raon leathan gníomhaíochtaí spóirt agus gníomhaíochtaí bunaithe ar chóitseáil ar fáil, i.e. peil, cispheil, eitpheil chomh maith le gníomhaíochtaí níos pobalbhunaithe amhail cláir chorpacmhainne, tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumais, cláir chorpacmhainne le haghaidh laethanta saoire ón scoil do na leanaí áitiúla, etc. Coinníonn agus forbraíonn na hionaid naisc láidre le seirbhísí áitiúla don óige, grúpaí pobail, cláir chríochnaithe scolaíochta, srl. Cé go dtugtar tosaíocht do na scoileanna ó thaobh na saoráidí a úsáid i rith an lae, bíonn cláir agus gníomhaíochtaí lae eile ar siúl freisin, lena n-áirítear ranganna oideachais d'aosaigh (Baile Choilín), sacar ag am lóin, liathróid láimhe Oilimpeach agus badmantan chomh maith le tacaíochtaí do na cláir chríochaithe scolaíochta áitiúla. Oibríonn Seirbhís Óige Foróige ó ionad Bhaile Fiobail i rith an lae agus cuireann siad tacaíochtaí agus grúpaí ar fáil do dhaoine óga ar a ndírítear.

*Foireann na hoibre ógra*

- **Clár Foghlama Malartach**

Is clár oideachais eatramhach é an Clár Foghlama Malartach (CFM) a d'fhorbair Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire toisc gur aithníodh nach raibh mórán deiseanna ar fáil do dhaoine óga faoi bhun 16 bliana d'aois nach bhfuil i mbun oideachas foirmiúil faoi láthair. Ritear ALP thar sheachtain trí lá i gcomhréir leis an mbliain acadúil agus bíonn sé bunaithe i mBaile Brigín, Sord, Cluain Dolcáin, Tamhlacht agus Dún Laoghaire. Is iad meascán d'Oibrithe don Ógra, arna gcur ar fáil ag Foróige agus Crosscare, agus teagascóirí BOO, a chuireann an clár CFM ar fáil. Cothaíonn CFM timpeallacht ina gcuirtear cóimheas, spreagadh, ionchuimsiú agus freagracht phearsanta chun cinn. Tá sé ceaptha dúshlán a thabhairt do dhaoine óga agus iad a chumasú le gnóthachtáil féintreoraithe agus torthaí dearfacha trí obair thionscadail aonair, ealaíon agus ceardaíocht, adhmadóireacht, uimhearthacht agus cláir litearthachta. Cuireann sé raon gníomhaíochtaí malartacha ar son na caidreamhachta ar fáil trína seirbhís óige áitiúil. Tugann ár dteagascóirí agus oibrithe don ógra tosaíocht do shláinte agus folláine na rannpháirtithe; cuireann siad deiseanna foghlama amuigh faoin aer agus seisiúin mhachnaimh ar fáil, agus soláthraíonn siad faisnéis faoi sholáthar folláine na seirbhíse don ógra. Glacfaidh thart ar 91 duine óg páirt sa chlár seo in 2023. Ina theannta sin, cuirfear soláthar lár téarma agus samhraidh ar fáil do na daoine óga le foireann oibrithe don óige agus le heagraíochtaí óige.
https://www.ddletb.ie/youth/youth-and-sport-development-service/

- **Grúpa Óige Ghort an tSrutháin**

Tá an grúpa seo comhdhéanta de 10 nduine óg 10-12 bliana d'aois, idir chailíní agus buachaillí, as ceantar Ghort an tSrutháin. Buaileann siad le chéile gach Máirt 3pm-5pm in BYCC. Tá an grúpa seo ar an bhfód le trí bliana anois agus leanann sé ag mealladh rannpháirtithe ón gceantar áitiúil. Rinneadh teagmháil leis an ngrúpa trí chomhthionscnamh idir Oibrithe don Ógra BOOÁCDL agus Bainistíocht Ionaid BYCC. Bíonn tionchar ag go leor saincheisteanna amhail méala, díothacht, coireacht agus tinreamh diúltach scoile ar an ngrúpa seo. Cuireann an grúpa seo áit shlán ar fáil ar féidir leis an ngrúpa dul ann gach seachtain chun éalú ó na fadhbanna sin. Is iad na cláir fhorbartha a chuirfear ar fáil don ghrúpa seo ná Pireagrafaíocht, Ealaín, Bia sláintiúil/cócaireacht, AYC, Seoltóireacht, Treodóireacht, STEAM, soláthar meántéarma agus samhraidh.

- **Soláthar Mhic Uilliam**

Cuireadh coiste idir-ghníomhaireachta Mhic Uilliam ar bun chun feasacht a ardú faoi na seirbhísí atá ar fáil do dhaoine óga agus do na teaghlaigh as Eastát Tithíochta Mhic Uilliam. Oibrí Sinsearach don Ógra de chuid BOOÁCDL a dhéanann cathaoirleacht ar na cruinnithe sin agus freastalaíonn Oibrí don Ógra de chuid BOOÁCDL orthu mar ionadaí BOOÁCDL. Tagann an coiste sin le chéile 8 n-uaire in aghaidh na bliana faoi Thionscadal Lorien Barnardo's. I rith na bliana, tabharfaidh Oibrithe don Ógra lár téarma agus samhraidh BOOÁCDL tacaíocht do sheirbhísí eile cibé bealach is féidir leo chun imeachtaí/gníomhaíochtaí a sholáthar. Cabhróidh Oibrithe don Ógra BOOÁCDL le soláthar an tsamhraidh agus le himeachtaí eile amhail sraithe sráide an FAI agus laethanta spraoi pobail.

- **Clár Meitheal**

Cuireadh oiliúint ar Oibrithe don Ógra BOOÁCDL sa phróiseas Meitheal, mar phríomhchleachtóirí agus mar ionadaithe ar dhaoine óga a bhfuil baint acu le soláthar BOOÁCDL don ógra. Comhordóidh foireann BOOÁCDL cruinnithe Meitheal i rith na bliana de réir mar is gá agus freastalóidh siad orthu.

- **Tacaíocht don Chlár Samhraidh/do Chláir Chomhpháirtíochta**

Tugann Oibrithe don Ógra BOOÁCDL tacaíocht do Sheirbhís Óige Thamhlachta (Foróige) i rith mhíonna an tsamhraidh, chomh maith le Seirbhísí Óige eile atá níos lú agus neamhspleách. Cumhdófar na ceantair seo a leanas - Cill an Ardáin, Gort an tSrutháin, Fothair Chardain, Coillte Leamháin, Teach na Giúise, Coill Tobair agus an Seanbhábhún. Táthar ag súil go ndíreofar ar bhreis agus 60 duine óg thar 6 ghrúpa óige.

- **Grúpa Sinsearach ALP**

Díríonn an grúpa seo ar 4 daoine óga atá ag obair le hOibrithe don Ógra BOOÁCDL le dhá bhliain anuas. Tá siad idir 14-15 bliana d'aois agus is buachaillí iad go léir. Chuaigh na daoine óga seo i ngleic le ALP ar dtús agus d'aistrigh siad chuig an ngrúpa ógra. Beidh siad ag glacadh páirte i soláthar samhraidh agus i gcláir sheachtainiúla amhail STEAM, seisiúin bhuail isteach agus ranganna cócaireachta. Cuirfear tacaíocht ar fáil freisin maidir le teacht ar dheiseanna oideachais agus oibreoidh Foireann don Ógra BOOÁCDL go dlúth leis an gClár Críochnaithe Scolaíochta agus le hOifigigh Leasa Oideachais.

- **Soláthar Samhraidh Rannóg Óige agus Spóirt BOOÁCDL**

Reáchtálfaidh Oibrithe don Ógra BOOÁCDL cláir samhraidh agus lár téarma don Ghrúpa BYCC, don ghrúpa Sinsearach ALP agus do rannpháirtithe reatha ALP. Táthar ag súil go nglacfaidh 17 duine óg páirt sna cláir seo, ina mbeidh treodóireacht, seoltóireacht, gníomhaíochtaí eachtraíochta, STEAM agus turais.

Tá foireann Óige agus Spóirt BOOÁCDL ag tabhairt isteach clár samhraidh Óige agus Spóirt nua, a reáchtálfar ar an Luan agus ar an gCéadaoin ón 3 Iúil go dtí an 18 Lúnasa. Is é is aidhm dó obair na foirne forbartha Óige agus Spóirt timpeall ar dhobharcheantar BOOÁCDL a chur chun cinn agus na gníomhaíochtaí samhraidh a cuireadh ar fáil san am a chuaigh thart a athrú. Deis atá ann freisin don fhoireann forbartha Óige agus Spóirt comhoibriú ar chlár dá leithéid. Tairgfear an clár seo do gach grúpa deonach UBU agus BOOÁCDL. Beidh an clár ar siúl dhá lá sa tseachtain ar feadh 6 seachtaine san iomlán. Táthar ag súil go ndíreofar ar níos mó ná 480 duine óg ar fud cheantar BOOÁCDL faoin tionscnamh nua seo. Tá dhá ghné ag baint leis an gclár – spórt ar thaobh amháin agus Obair don Ógra ar an taobh eile. Cuirfidh an fhoireann spóirt malairt rogha de spóirt ar fáil agus díreoidh an fhoireann don ógra ar thionscadail adhmadóireachta aonair/ghrúpa. Spreagfar gach duine óg chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cuimsitheacha, léiritheacha arna soláthar ag Oifigigh don Ógra agus Spóirt BOOÁCDL.

**Ionadaíocht ar Choistí**

Déanfaidh Oibrithe don Ógra ionadaíocht ar BOOÁCDL ar na Coistí seo a leanas freisin i rith na bliana; Tascfhórsa Drugaí Thamhlachta, Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Fhine Gall & Bhaile Átha Cliath Theas (CYPSC), Idirghníomhaireacht Mhic Uilliam , Coiste Comhairleach Pláinéad Óige agus Coiste Comhairleach Chomhairle na nÓg.

**Treodóireacht**

Tá Foireann Oibrithe don Ógra agus Oifigigh Spóirt BOOÁCDL ag glacadh páirte in Oiliúint do Theagascóirí Treodóireachta, arna soláthar i gcomhpháirtíocht le hIonad Oideachais Allamuigh Bhealach Conglais (KWETB) agus Treodóireacht na hÉireann.

## Cláir a Chuirtear ar Fáil i gComhpháirtíocht le Gníomhaireachtaí Eile

- **UBU Do Spás Do Áit (RLCMLÓ)**

Soláthraíonn clár UBU Do Spás Do Áit tacaíochtaí lasmuigh den scoil do dhaoine óga ina bpobail áitiúla chun cur ar a gcumas cúinsí díobhálacha a shárú agus barr a gcumas a bhaint amach trí fheabhas a chur ar a dtorthaí forbartha pearsanta agus sóisialta. Déanann UBU – Do Spás Do Áit cuíchóiriú agus láidriú ar na ceithre scéim mhaoinithe a bhí ann cheana. https://ubu.gov.ie/

- **Crosscare**

Is é Crosscare gníomhaireacht tacaíochta sóisialta Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath. Ó 1941 tá Crosscare ag cur seirbhísí atá bunaithe ar chuir chuige nuálacha ar fáil d'fhonn dul i ngleic le riachtanais nua agus riachtanais atá ag teacht chun cinn. Tá na seirbhísí sin á gcur ar fáil faoi láthair ó bheagnach 90 suíomh ar fud Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath. Cuireadh Cúram don Óige Chaitliceach (CÓC) ar bun sa bhliain 1944 agus é de shainchúram air freastal ar riachtanais daoine óga taobh amuigh den scoil. In 2014 tháinig Cúram don Óige Chaitliceach agus Crosscare le chéile.

- **Foróige**

Tá Foróige ag obair le daoine óga ón mbliain 1952 ar aghaidh. Is é is aidhm don eagraíocht cur ar chumas daoine óga páirt fheasach, ghníomhach a ghlacadh ina bhforbairt féin agus i bhforbairt na sochaí.

Bíonn Foróige ag obair le corradh le 50,000 duine óg idir 10 mbliana agus 18 mbliana d'aois gach bliain mar chuid de Chlubanna atá treoraithe ag oibrithe deonacha agus Tionscadail Óige a mbíonn baill foirne i gceannas orthu. Tá an eagraíocht ag feidhmiú in 26 chontae in Éirinn agus breis agus 600 Club Foróige ann, mar aon le 150 Tionscadal Óige, an clár meantóireachta Dearthair Mór Deirfiúr Mhór, clár Fiontraíochta Óige Foróige agus na cláir Saoránacht Óige agus Ceannasaíocht Óige.

- **Tionscadail Neamhspleácha**

I measc na dtionscadal neamhspleách tá YMCA agus réimse leathan tionscadal neamhspleách pobail amhail Cill an Ardáin, Mullach Eadrad agus Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Dheisceart Bhaile Átha Cliath (STAG).

Líon na dtionscadal neamhspleách atá á bhfeidhmiú i gcomhar le BOOÁCDL de réir réigiúin:
Dún Laoghaire (6) Tamhlacht (8) Cluain Dolcáin (6) Baile Bhlainséir (3) Tuaisceart an Chontae (2) Ráth an Dúin (1)

- **Ionaid Faisnéise don Óige**

Dún Laoghaire (1) Cluain Dolcáin (1)

## Riar Deontas Óige thar ceann RLCMLÓ

- Scéim Spriocdhírithe Infhostaitheachta don Óige 2021-2022
- Scéim Maoinithe LADTI+
- Deontas na dTionscadal Samhraidh
- Deontas Athléimneachta agus Éifeachtachta
- Deontais do Chlubanna Óige Deonacha Áitiúla
- Deontais Chaipitil
- Deontais Trealaimh
- Deontais Tacaíochta Covid-19

## Tionscadail agus Seirbhísí eile arna Maoiniú ag an Roinn

- **An Roinn Oideachais**
- **An Roinn Sláinte, an Láraonad Beartais**

## Music Generation Fhine Gall

Is ann do Music Generation Fhine Gall mar gheall ar an gcomhpháirtíocht láidir idir BOOÁCDL, Comhairle Contae Fhine Gall agus Music Generation. Tá an clár tiomanta d'oideachas inrochtana i dtaibhiú ceoil a sholáthar, agus é a chur in oiriúint do na riachtanais agus na dúshláin uathúla atá roimh leanaí agus daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste sa chontae. Féachann sé freisin le haitheantas a thabhairt don phróifíl eitneach thar a bheith éagsúil atá i bpobal Fhine Gall, a léiríonn an raon saibhir spéise agus taithí ceoil atá ann san áit.

D'éirigh thar cionn le sraith clár píolótach ceoil in 2022, agus tá Music Generation Fingal anois ina dhara bliain forbartha. I gcomhréir leis an gcreatphlean, díreofar ar chláir teagaisc in uirlisí, gutha, scríobh amhrán agus teicneolaíocht an cheoil a chothú go leanúnach in 2023.

Sainaithníodh na spriocghrúpaí seo a leanas atá i mbaol ach a bhfuil an poitéinseal acu leas mór a bhaint as rannpháirtíocht le clár Music Generation in 2023, go háirithe i dtéarmaí a gcumas cognaíoch agus mothúchánach a fhorbairt le go ndéanfaidh siad roghanna dearfacha sa saol:

- Daoine in ionaid choinneála
- Leanaí & daoine óga faoi mhíchumas fisiceach, céadfach agus intleachta
- Daoine óga LADTI+
- Iad siúd atá ag gabháil do Chlár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána

- Daoine óga den Lucht Siúil
- Iad siúd a fhreastalaíonn ar sheirbhísí don ógra
- Iad siúd a ghlacann páirt sa Chlár Foghlama Malartach
- Deis banda 1 agus scoileanna i mbéal forbartha

Ina theannta sin, táthar ag díriú ar phríomh-limistéir uirbeacha Sord, Baile Bhlainséir agus Baile Brigín chun moil teagaisc ar leithligh a bhunú in 2023. Tabharfaidh na moil seo deis do leanaí agus do dhaoine óga rochtain a fháil ar cheachtanna ceoil inacmhainne agus uirlisí a fháil ar cíos.


Glacfaidh Music Generation Fhine Gall páirt i roinnt taispeántas poiblí le linn 2023 freisin, ina measc Féile Ceoil na hÓige, ar comhthionscadal é idir sé limistéar Music Generation ó Bhaile Átha Cliath, an Mhí agus Cill Mhantáin.

## Ráiteas na Seirbhísí – Seirbhísí Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta



Is i gceannoifig Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24 atá an Fhoireann um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta lonnaithe go príomha, ach tá oifigí acu in Ionaid Oiliúna Bhaile Dúill agus Bhaile Uí Lachnáin chomh maith. Tacaíonn an Fhoireann TFE leis an bPríomhfheidhmeannach le raon iomlán seirbhísí a chur ar fáil ar fud na heagraíochta sna cúig phríomhréimse feidhme: foirgnimh agus maoin, seirbhísí corparáideacha, airgeadas, acmhainní daonna agus TFC. Tá sé mar aidhm ag an Stiúrthóireacht seo na struchtúir agus na córais chuí a fhorbairt chun seirbhísí den chaighdeán is airde a bhaint amach ar fud na heagraíochta agus féachfaidh sí lena chinntiú go mbeidh fáil ar na hacmhainní iomchuí daonna, airgeadais agus bonneagair a bheidh ag teastáil chun Ráiteas Straitéise BOOÁCDL a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Tá an-chuid eolais chorparáidigh curtha ag an bhfoireann TFE ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear an creat reachtaíochta agus rialála ar dá réir a bhfeidhmíonn Boird Oideachais agus Oiliúna.




Oibríonn **an tAonad Foirgneamh agus Réadmhaoine agus an tAonad Foirgneamh agus Tionscadal Caipitil** le chéile le raon seirbhísí a sholáthar le tacú lenár scoileanna agus lenár n-ionaid. I measc na seirbhísí sin tá:

- Foirgnimh nua a chur ar fáil
- Síntí le foirgnimh a chur ar fáil
- Cóiríocht shealadach a chur ar fáil
- Tacú le hobair leanúnach cothabhála agus bainistíochta ar na háitribh atá faoi úinéireacht nó ar léas ag BOOÁCDL.
- Beartas maoine nua a chur i bhfeidhm do BOOÁCDL.
- Scéim na nOibreacha Samhraidh
- Scéim na nOibreacha Éigeandála
- Móroibreacha caipitil agus mionoibreacha agus deisiúcháin BOaO.
- Glacadh go hiomlán le riachtanais Fuinnimh an SEAI amach anseo maidir le gach foirgneamh.

Beidh BOOÁCDL ag obair leis an Roinn le cóiríocht a sholáthar do scoileanna i gceantar Chontae Bhaile Átha Cliath. Tá BOOÁCDL ag obair leis an Roinn ar chreat náisiúnta don Chóiríocht Mhodúlach chun cóiríocht shealadach a sholáthar ar fud na tíre.
Mar thoradh ar athruithe déimeagrafacha, tiocfaidh borradh faoi roinnt bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna de chuid BOOÁCDL, rud a fhágann go mbeidh idir chóiríocht shealadach agus síntí buana de dhíth faoi cheann trí bliana. Anuas air sin, ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar líon na n-aonad riachtanas speisialta, beidh BOOÁCDL ag cur le líon na seomraí ranga nó déanfar cuid seomraí ranga a oiriúnú.

Cabhraíonn **Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha** leis an eagraíocht a chinntiú go gcomhlíontar roinnt riachtanas rialála agus reachtaíochta agus tacaíonn sí le seachadadh seirbhísí sna réimsí seo a leanas:

- Rialachas Corparáideach
- Seirbhísí Custaiméara
- Cosaint Sonraí
- Saoráil Faisnéise
- Cúnamh Deontais do Ghrúpaí
- Sábháilteacht agus Sláinte
- Árachas agus Riosca
- Dlí
- Na Meáin agus Brandáil
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
- Bainistíocht Beartas
- Pátrúnacht Scoile agus an Próiseas Dídhílsithe
- Oiliúint

In 2023 cuirfidh Seirbhísí Corparáideacha síneadh le húsáid an Chórais Faisnéise Bainistíochta Comhlíonta chun leibhéil chomhlíonta RGCS/Cosaint Sonraí a mhéadú ar fud na heagraíochta. Déanfar athbhreithniú ar bheartais um Chosaint Sonraí. Bainfear úsáid as an gcuid oiliúna den chóras faisnéise bainistíochta comhlíonta chun oiliúint sa Chomhionannas a sholáthar d'fhoireann uile BOOÁCDL. Leanfar den obair in Oiliúint Seirbhíse do Chustaiméirí agus athbhreithniú ar bheartas/próisis. Déanfar athmheasúnú ar an mbrandáil de réir Ráiteas Straitéise BOOÁCDL. Leanfaidh gné Rialachais an aonaid seo ag cur le comhlíonadh an Chóid Chleachtais do na BOOnna atá ag obair le ranna, scoileanna agus ionaid BOOÁCDL agus leanfar de chur i bhfeidhm straitéis bainistíochta riosca BOOÁCDL.

**Cuireann an tAonad um Bhainistiú Oibríochtaí Fosaithe agus an tAonad Seirbhísí agus Caidrimh idir Fostóirí agus Fostaithe** raon seirbhísí ar fáil le tacú le baill foirne agus bainisteoirí in BOOÁCDL. Bogadh an fheidhm phárolla ó BOOÁCDL go ESBS i mí Iúil 2019 agus bogadh an fhoireann a bhí ag obair san aonad párolla chuig Bainistíocht Oibríochtaí Acmhainní Daonna agus Seirbhísí. Ag obair i gcomhar le chéile, tacaíonn na haonaid seo le:

- Pleanáil Daonchumhachta agus Leithdháiltí agus Úsáid Múinteoirí
- Earcaíocht
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Bainistíocht Neamhláithreachta agus Riarachán Saoire Reachtúil
- Riar Párolla
- Riar Pinsean
- Caidreamh Foirne
- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- Cianobair

Cuirfidh BOOÁCDL grúpa oibre beag ar bun faoi stiúir BOOÉ, chun seimineár gréasáin faoi earcú múinteoirí SNP a fhorbairt. I gcomhar le ESBS, déanfaidh BOOÁCDL príomh-uirlis tuairiscithe Acmhainní Daonna an chórais faisnéise bainistíochta, PowerBI, a phíolótú agus a thástáil.

Cuireann **an tAonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide** tacaíocht ar fáil don fhoireann agus do dhaltaí i Scoileanna, Coláistí, Ionaid agus Seirbhísí BOaO uile BOOÁCDL.

Tháinig méadú as cuimse ar a ról mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus mar gheall ar an úsáid a baineadh as bonneagar néalbhunaithe a thacaíonn le cianfhoghlaim agus le hobair ón mbaile.

Oibríonn an t-aonad TFC i gcomhar leis an bhFoireann Foghlama Digití agus na hOifigigh Forbartha chun tacú leis an gCreat Digital Connect.

Digital Connect BOOÁCDL – 'Daoine a Nascadh chun an Fhoghlaim a Fheabhsú'

I measc na seirbhísí agus na dtacaíochtaí a chuireann siad ar fáil tá:

- Suiteáil agus bainistíocht bonneagair lena n-áirítear foirgnimh nua agus cóiríocht shealadach a fheistiú.
- Bainistiú ar chórais lena n-áirítear córais áitiúla agus néalchórais ar fud na bhfeidhmeanna riaracháin agus Teagasc & Foghlaim
- Bainistíocht ar sholáthar agus ar seachfhoinsiú TFC
- Córais teileafónaíochta a shuiteáil agus a bhainistiú
- Athshlánú ó Thubaiste
- Slándáil
- Oiliúint

Is iad na príomhthosaíochtaí ná Digital Connect, Slándáil TFC lena n-áirítear moltaí ó iniúchadh slándála KOSI le déanaí, Uathoibriú Próisis Gnó agus aistriú chuig néalchórais ar fud an fhiontair a chur i bhfeidhm.

Tá cibearshlándáil ina cuid lárnach de ghníomhaíochtaí na Roinne TFC ó lá go lá agus leanfaimid orainn ag feabhsú na gcóras atá ann cheana féin agus ag tabhairt isteach bearta nua nuair is cuí. Déanaimid rannchuidiú leis an gcur chuige faoi stiúir BOOÉ chun Ionad Oibríochtaí Slándála (SOC) / Bainistíocht Imeachtaí agus Teagmhas Slándála (SEIM) a fhorbairt ar fud na mBOOnna. Rinneamar iniúchadh faoi stiúir KOSI le déanaí ar shlándáil inmheánach BOO agus beidh an moladh uathu dá bharr mar bhonn taca lenár bhfeasacht faoi chibearshlándáil in 2023. Níl aon acmhainn tiomnaithe slándála ag BOOÁCDL agus tá iarratas déanta againn ar an Roinn Oideachais ar chead chun ról an Oifigigh Cibearshlándála BOOÁCDL a chruthú.

Déanann **an tAonad Íocaíochtaí** na híocaíochtaí uile a dhéantar thar ceann BOOÁCDL a bhainistiú agus cinntíonn freisin go gcomhlíontar an reachtaíocht agus na himlitreacha roinne uile ina leith sin. I measc na seirbhísí a chuireann siad ar fáil tá:

- Íocaíochtaí le creidiúnaithe
- Íocaíochtaí le printísigh agus foghlaimeoirí eile
- Deontais ghníomhaireachta
- Íocaíochtaí Taistil agus Cothaithe

Leanfaidh an Rannóg Íocaíochta de bheith ag obair lenár Roinn TFC chun Aipeanna Cumhachta a chruthú chun ár bpróiseas comhroinnte doiciméad a fheabhsú.

Déanann **an tAonad Cistíochta agus Soláthair** beartais, nósanna imeachta agus treoirlínte a fhorbairt chun a chinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht agus imlitreacha. Déanann an fhoireann cistíochta san Aonad seo maoirseacht agus bainistíocht ar chuntais BOOÁCDL do gach scoil agus ionad, agus cuireann tacaíocht ar fáil i dtaca leo freisin. Oibríonn an fhoireann soláthair i gcomhar le scoileanna agus le hionaid le hearraí agus seirbhísí a sholáthar lena n-úsáid laistigh de BOOÁCDL. I measc na seirbhísí a chuireann an tAonad seo ar fáil tá:

- Baincéireacht
- Buiséadú
- An ráiteas bliantúil airgeadais a chur i dtoll a chéile
- Éilimh ar CSTE a bhainistiú
- Iniúchtaí AE, ARCC agus AII a chomhordú
- Tuairisciú airgeadais
- Earraí agus seirbhísí a fháil de réir beartais agus nósanna imeachta soláthair
- Conarthaí a bhainistiú
- Idirchaidreamh le BOOÉ, OSR agus SSO i ndáil le creataí náisiúnta
- Oiliúint

Tá an Rannóg Soláthair ag obair i gcomhar le BOOnna sna ceantair máguaird ar thionscadail soláthair éagsúla. Cuirfear tús i mbliana - i gcomhar leis an tSeirbhís Gnó Chomhroinnte Oideachais (SGCO) - leis an bpleanáil do chreat na seirbhísí comhroinnte náisiúnta le haghaidh BOOnna ina gclúdófar an fheidhm airgeadais.

**Comhar le Patrúin Eile:** De réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, leanann an Fhoireann um Thacaíocht Eagraíochta dá cuid seirbhísí agus saineolais, i bhfoirm tacaíocht phraiticiúil agus chomhairleach, a chur ar fáil do chomhlachtaí patrúin eile. Leanann an Fhoireann um Thacaíocht Eagraíochta ar aghaidh ag tacú leis an eagraíocht ar an iomlán freisin, tráth a bhfuil an earnáil ag athrú agus ag fás go suntasach.

## 7. FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS RÉAMH-MHEASTA 2023

**Bord Oideachais agus Oiliúna ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE**
**Fáltais agus Caiteachais Réamh-mheasta**

| | An bhliain dar críoch 31/12/2023 €'000 | An bhliain dar críoch 31/12/2022 €'000 |
|---|---|---|
| **FÁLTAIS** | | |
| Iar-Bhunscoileanna agus an Cheannoifig | 148,207 | 152,522 |
| Bunscoileanna | 2,396 | 2,517 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 85,313 | 75,325 |
| Seirbhísí don Óige | 11,765 | 11,270 |
| Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinithe | 10,490 | 10,119 |
| Caipiteal | 17,900 | 14,648 |
| **IOMLÁN** | 276,071 | 266,401 |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Iar-Bhunscoileanna agus an Cheannoifig | 155,811 | 148,179 |
| Bunscoileanna | 2,396 | 2,114 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 85,313 | 76,135 |
| Seirbhísí don Óige | 11,765 | 10,893 |
| Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinithe | 10,490 | 9,536 |
| Caipiteal | 17,900 | 17,549 |
| **IOMLÁN** | 283,675 | 264,406 |
| **BARRACHAS / (EASNAMH) AIRGID THIRIM DON BHLIAIN** | | |
| **Barrachas / (Easnamh) Airgid don Bhliain** | (7,604) | 1,995 |
| Réiteach an Bharrachais/(Easnaimh) Airgid | | |
| Pá Príomhscéime | (6,300) | [redacted] |
| Neamhphá Príomhscéime | (1,304) | |
| | (7,604) | |

**Tabhair do d'aire:** Tá toradh 2022 faoi réir iniúchadh

**Bord Oideachais agus Oiliúna ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE**

**Caiteachas Réamh-Mheasta – Scoileanna agus Ceannoifig**

| | An bhliain dar críoch 31/12/2023 €'000 | An bhliain dar críoch 31/12/2022 €'000 |
|---|---|---|
| **ÍOC** | | |
| Treoir | 130,731 | 122,477 |
| Riarachán | 6,303 | 6,000 |
| Cothabháil | 3,470 | 3,303 |
| | 140,504 | 131,780 |
| **NEAMHPHÁ** | | |
| **Neamhphá** | 9,504 | 9,082 |
| **CLÁIR GHAOLMHARA** | | |
| Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoláirí | 2,090 | 1,995 |
| COVID19 CAP. (GLAN, SAN, PPE) | 2,100 | 187 |
| DEONTAS LE hAGHAIDH MAOIRSEACHT FHEABHSAITHE IN AIMSIR COVID19 | - | 1,688 |
| DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19 | - | 1,399 |
| DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID19 | - | 562 |
| Deontas Leabhar | 397 | 362 |
| Deontas DEIS agus Teagmhálaí Baile agus Scoile | 387 | 352 |
| Deighilt Dhigiteach TFC | 290 | 285 |
| An Idirbhliain | 232 | 183 |
| Cláir Eile (12 acu san iomlán) | 307 | 304 |
| | 5,803 | 7,317 |
| | **155,811** | **148,179** |
| **Íocaíochtaí le Bunscoileanna** | | |
| Deontas Caipitíochta do S.N.P. | 716 | 597 |
| Deontas Seirbhíse Coimhdeacha do S.N.P. | 582 | 582 |
| COVID19 CAP. (GLAN, SAN, PPE) | 600 | 65 |
| DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19 | - | 205 |
| DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID-19 | - | 195 |
| Iompar Scoile S.N.P. | 148 | 140 |
| Deontas DEIS do S.N.P. | 121 | 84 |
| Cláir Eile (8 acu san iomlán) | 229 | 246 |
| | **2,396** | **2,114** |

**Bord Oideachais agus Oiliúna ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE**

**Caiteachas Réamh-Mheasta – Breisoideachas agus Oiliúint**

| | **An bhliain dar críoch 31/12/2023 €'000** | **An bhliain dar críoch 31/12/2022 €'000** |
|---|---|---|
| **ÍOCAÍOCHTAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA** | | |
| Pá IAT | 14,577 | 13,759 |
| Costais Oibriúcháin | 11,455 | 11,141 |
| Printíseacht | 10,747 | 9,409 |
| Ógtheagmháil | 6,978 | 6,777 |
| Soláthraithe Sainoiliúna (SSO) | 4,750 | 4,396 |
| An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas | 4,534 | 3,758 |
| Nascfhondúireacht agus Oiliúint Scileanna | 4,424 | 3,593 |
| SDOG | 4,079 | 3,488 |
| Litearthacht d'Aosaigh | 3,786 | 2,955 |
| Oideachas Pobail | 2,483 | 1,811 |
| Ionaid Oiliúna Phobail | 2,261 | 2,041 |
| Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh | 1,907 | 1,453 |
| Cúrsaí Oiliúna | 1,866 | 1,792 |
| Uaireanta Comhair | 1,608 | 1,559 |
| Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 1,602 | 1,577 |
| Cláir Eile (29 acu san iomlán) | 8,256 | 6,626 |
| **Iomlán** | **85,313** | **76,135** |

## I. Líon na nDaltaí i Scoileanna Náisiúnta Pobail agus i Scoileanna Speisialta Pobail

| Líon na nDaltaí i Scoileanna Náisiúnta Pobail | | | |
|---|---|---|---|
| **Scoil** | **Uimhir Rolla** | **2022/2023** | **Réamh-mheastacháin 2023/2024** |
| Scoil Choilm | 20241K | 820 | 830 |
| Scoil Chormaic | 20269J | 468 | 489 |
| Scoil Ghráinne | 20247W | 616 | 636 |
| S.N.P. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard | 20398U | 444 | 448 |
| Scoil Aoife | 20422O | 356 | 372 |
| S.N.P. Leamhcáin | 20426W | 343 | 362 |
| P.S.N. Ghleann na hAbhann | 20528H | 95 | 126 |
| P.S.N. an Mhóinéir Leathain | 20529J | 50 | 85 |
| An Chrannóg Nua | 20136N | 10 | 12 |
| P.S.S. Danu | 20548N | 36 | 36 |
| P.S.S. Bhaile Uí Dhúda | 20390E | 6 | 10 |
| P.S.N. Thamhlachta | 19582G | 95 | 105 |
| **Iomlán** | | **3339** | **3511** |

## II. Líon na Scoláirí in Iar-Bhunscoileanna

| | | Figiúirí iarbhír de réir Thuairisceáin Dheireadh Fómhair 2022 | JSCP | An tSraith Shóisearach | An tSraith Shinsearach lena n-áirítear RLC | Idirbhliain | LCAP | GCAT | Réa mheast Mh Fómha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C.P. Bhaile Adaim | 76097U | 954 | | 540 | 299 | 96 | 15 | | 95 |
| C.P. Ard Giolláin | 76129H | 998 | | 499 | 358 | 144 | | | 10 |
| C.P. Bhaile Brigín | 70010V | 655 | 390 | 0 | 220 | 48 | 24 | | 68 |
| C.P. Chaisleán Cnucha | 76062B | 1244 | | 720 | 325 | 150 | 24 | 56 | 12 |
| Coláiste Chilliain | 70100W | 439 | | 239 | 150 | 52 | | | 44 |
| Coláiste Cois Life | 76065H | 654 | | 302 | 244 | 105 | | | 65 |
| Coláiste de hÍde | 70021D | 278 | | 154 | 93 | 49 | | | 29 |
| Coláiste Pobail Setanta | 76098W | 1050 | | 626 | 0 | 40 | 28 | 365 | 10 |
| Coláiste Pobail Fóla | 76594L | 398 | | 550 | | 75 | | | 62 |
| C.P. Pháirc Bhaile Choilín | 70041J | 581 | 141 | 187 | 38 | 98 | 38 | 76 | 57 |
| C.P. Ráth an Deagánaigh | 70040H | 353 | 49 | 191 | 30 | 20 | 31 | 54 | 37 |
| C.P. Dhomhnach Bat | 76104O | 837 | | 428 | 225 | 130 | | 69 | 85 |
| CP Ériu | 76574F | 129 | | 186 | | | | | 18 |
| C.P. Fhine Gall | 70121H | 867 | | 508 | 0 | 80 | 12 | 286 | 88 |
| C.P. Theach na Giúise | 70140L | 813 | 55 | 377 | 207 | 136 | 14 | 34 | 82 |
| Gaelcholáiste Reachrann | 76085N | 510 | | 264 | 161 | 100 | | | 52 |
| C.P. na Gráinsí | 70020B | 450 | 95 | 196 | 61 | 72 | 22 | 66 | 51 |
| Coláiste na nGlaschnoc | 70130I | 155 | 75 | | 0 | 40 | 16 | 25 | 15 |
| C.P. an Ghrífín | 76454S | 382 | | 330 | 0 | 60 | 12 | 60 | 46 |
| C.P. Choill an Rí | 76293U | 952 | | 540 | 279 | 90 | 29 | 55 | 99 |
| An Chiseog | 76152C | 932 | | 504 | 291 | 96 | 19 | 0 | 91 |
| C.P. Leamhcáin | 70080T | 918 | | 503 | 224 | 152 | 18 | 35 | 93 |
| Coláiste Pobail Lusca | 76213T | 878 | | 597 | 117 | 120 | 40 | 116 | 99 |
| C.P. Bhaile Lotrail | 76130P | 984 | | 643 | 0 | 72 | 10 | 318 | 10 |
| C.P. Mhóin Seiscinn | 7141N | 332 | 125 | 60 | 28 | 24 | 43 | 61 | 34 |
| Rath Dara CC | 70081V | 233 | 160 | 0 | 69 | 40 | 14 | 23 | 30 |
| C.P. na Sceirí | 76078Q | 1030 | | 573 | 336 | 150 | | | 10 |
| C.P. Fhinnéin | 70120F | 644 | 96 | 260 | 135 | 78 | 40 | 55 | 66 |
| C.P. Chaoimhín | 70042L | 418 | 265 | 0 | 40 | 72 | 27 | 45 | 44 |
| Coláiste Pobail Shoird | 76475D | 737 | | 547 | 218 | 140 | | | 90 |
| C.P. Mac Dara | 70260V | 842 | | 493 | 165 | 123 | | 85 | 86 |
| Iomlán | | 20647 | 1451 | 11017 | 4313 | 2652 | 476 | 1884 | 217 |

## III. Áiteanna faofa i gColáistí Iar-Ardteistiméireachta

| Scoil: | Uimhir Rolla | Figiúirí iarbhír de réir thuairisceáin PLSS Dheireadh Fómhair 2022 | Réamh-mheastacháin faofa ag BOOÁCDL 2022/2023 | |
|---|---|---|---|---|
| Coláiste na nGlaschnoc | 70130I | 163 | 255 | 200 |
| C.P. Ráth an Deagánaigh | 70040H | 54 | 57 | 50 |
| C.P. na Gráinsí | 70020B | 62 | 58 | 64 |
| C.P. Pháirc Bhaile Choilín | 70041J | 42 | 45 | 42 |
| I.B.O. DHÚN LAOGHAIRE | 70050K | 474 | 522 | 500 |
| I.B.O NA CARRAIGE DUIBHE | 70030E | *807* | 890 | 807 |
| CBO Dhún Droma | 70070Q | 285 | 321 | 299 |
| C.B.O. Stigh Lorgan | 70110C | 135 | 163 | 170 |
| C.B.O. an Naigín | 70090W | 320 | 444 | 390 |
| | | 2342 | 2755 | 2522 |

IV – Clár Tógála Scoileanna

Oibríonn BOOÁCDL agus an Roinn Oideachais as lámha a chéile chun foirgnimh nua scoile a chur ar fáil. Is iad seo na tionscadail a bhfuilimid ag obair orthu leis an Roinn faoi láthair. Sliocht as Liosta Mórthionscadal Oibreacha Tógála.
Níl cuid de na scoileanna a luaitear faoi phátrúnacht BOOÁCDL ach táimid ag cuidiú leis an Roinn ar na tionscadail sin.

| **An 01 Feabhra 2023<br>Stádas reatha na dtionscadal mórscála atá á seachadadh faoin gclár tógála scoile.<br><br>Na tionscadail siúd a bhfuil dath glas orthu, tháinig athrú ar a stádas le dhá mhí anuas** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Contae** | **Uimh. Rolla** | **Ainm agus Seoladh na Scoile** | **Stádas Reatha an Tionscadail** |
| 90 | Baile Átha Cliath | 19855P | Gaelscoil Chluain Dolcáin, Cluain Dolcáin, BÁC 22 | Céim 3 (Céim na Tairisceana) |
| 120 | Baile Átha Cliath | 20528H | Bunscoil Shoird Theas - SNP Ghleann na hAbhann | Osclaíodh an scoil i mí Mheán Fómhair 2019 i gcóiríocht eatramhach tionscnaimh. Próiseas Fála Láithreáin. Tá an Roinn ag plé leis an léas anois. Rinneadh iarratas ar Chóiríocht Shealadach Bhreise 2023/2024 |
| 121 | Baile Átha Cliath | 20529J | Soird Thuaidh, bunscoil - P.S.N. an Mhóinéir Leathain | Osclaíodh an scoil i mí Mheán Fómhair 2020 i gcóiríocht eatramhach tionscnaimh. Scoil i mbun oibre agus rinneadh iarratas ar Chóiríocht Shealadach nua le haghaidh 2023/2024 |
| 123 | Baile Átha Cliath | 20531T | An Caisleán Nua, Ráth Cúil agus Teach Sagard, bunscoil (Gaelscoil Lir) | Céim 2b (Dearadh Mionsonraithe) |
| 126 | Baile Átha Cliath | 20538K | Gaelscoil Ghráinne Mhaol - Domhnach Míde, Binn Éadair, BÁC 13 | Osclaíodh an scoil i Meán Fómhair 2021 - cóiríocht eatramhach. Réamhchéim 1 |
| 130 | Baile Átha Cliath | 20549P | Scoil Náisiúnta ‘Ag Foghlaim Le Chéile’ Ráth Cúil | Céim 2a (Scéim Sceitse Forbartha) |
| 141 | Baile Átha Cliath | 68307J | Scoil Ag Foghlaim le Chéile Theach na Giúise, BÁC 24 | Céim 1 (Réamhdhearadh). Ní ár dtionscadal, ní ár scoil |
| 147 | Baile Átha Cliath | 70010V | C.P. Bhaile Brigín | Tá an tionscadal ag céim 3 (Céim Tairisceana) |
| 148 | Baile Átha Cliath | 70020B | CP na Gráinsí, Domhnach Míde, BÁC 13 | Treoirchéim an Tionscadail |
| 149 | Baile Átha Cliath | 70080T | CP Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán | Céim 3 (Céim na Tairisceana) |
| 150 | Baile Átha Cliath | 70100W | Coláiste Chillian, Cluain Dolcáin | Céim 3 (Céim na Tairisceana) |
| 151 | Baile Átha Cliath | 70120F | C.P. Fhinnéin, Sord | Céim 2b (Dearadh Mionsonraithe) tionscadal ar fionraí |
| 152 | Baile Átha Cliath | 76078Q | Coláiste Pobail na Sceirí | Réamhchéim 1 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 153 | Baile Átha Cliath | 76085N | Coláiste Lán-Ghaeilge na Gráinsí (C. Reachrann), Domhnach Míde, BÁC 13 | Céim 3 (Céim na Tairisceana) |
| 155 | Baile Átha Cliath | 76454S | Coláiste Pobail an Ghrífín, f/ch Choláiste Pobail na Ciseoige, Leamhcán | Céim 2b (Dearadh Mionsonraithe) |
| 156 | Baile Átha Cliath | 76574F | Baile Bhlainséir Thiar BÁC 15 agus Sráidbhaile Bhaile Bhlainséir BÁC 15 (réiteach réigiúnach) Iar-Bhunscoil - Coláiste Pobail Ériu | Osclaíodh an scoil i mí Mheán Fómhair 2020 i gcóiríocht eatramhach tionscnaimh.  Próiseas Fála Láithreáin |
| 157 | Baile Átha Cliath | 76594L | Iarthar na Cathrach agus Teach Sagard (réiteach réigiúnach) Iar-Bhunscoil, Coláiste Pobail Fóla | Osclaíodh an scoil i mí Mheán Fómhair 2020 i gcóiríocht eatramhach tionscnaimh. Láithreán faighte. Céim 3 (Céim na Tairisceana) |

Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha - BOOÁCDL ag fanacht ar dheimhniú ón Roinn Comhshaoil maidir leis an síneadh buan a comhaontaíodh in 2021 chun freastal ar riachtanais an cheantair agus an leathnú go scoil 1500 dalta.

Oibríonn BOOÁCDL as lámha a chéile leis an Roinn Oideachais chun cóiríocht bhreise a chur ar fáil i bhfoirgnimh scoile. Seo a leanas na tionscadail atá ar bun againn faoi láthair i gcomhar leis an Roinn faoi Scéim Cóiríochta Breise na Roinne Oideachais.

| Scéim Cóiríochta Breise | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gach Tionscadal Scoile atá Idir Lámha | | | | |
| **Contae** | **Uimh. Rolla** | **Scoil** | **Cóiríocht Iomlán** | **Stádas an Tionscadail** |
| Baile Átha Cliath | 70010V | C.P. Bhaile Brigín | 1 Eacnamaíocht Bhaile agus 1 Ghinearálta Seomra Ranga | Críochnaithe |
| Baile Átha Cliath | 70020B | C.P. na Gráinsí Domhnach Míde, D13 | Trí Sheomra Ranga Ginearálta, 1 Seomra Teicniúil, 1 Seomra Eolaíochta | Ar an láthair |
| Baile Átha Cliath | 20390K | Scoil Speisialta Bhaile Uí Dhúda Scoil | Oibreacha Athchóirithe ar Sheomra Eacnamaíochta Baile | Críochnaithe |
| Baile Átha Cliath | 76085N | Coláiste Lán Ghaeilge An Ghráinseach (C. Reachrann), Domhnach Míde, BÁC 13 | 1 Seomra Adhmadóireachta/Foirgníochta | Ar an láthair |
| Baile Átha Cliath | 20548N | Scoil Speisialta Phobail Danú, Baile Átha Cliath 24 | 6 sheomra ranga ghinearálta, oifig an Phríomhoide, oifig ghinearálta, seomra cruinnithe, seomra ilchéadfach, seomra cúnta, uasghrádú dóiteáin | Críochnaithe |
| Baile Átha Cliath | 20548N | Scoil Speisialta Phobail Danú, Baile Átha Cliath 24 | Athchóiriú | Críochnaithe |
| Baile Átha Cliath | 70042L | C.P. Chaoimhín Cluain Dolcáin BÁC 22 | 3 sheomra ranga ghinearálta 58.6m$^2$ (Athsholáthar foirgneamh réamhdhéanta) & 2 Sheomra Ranga Príomha & Coimhdeach RSO (achar iomlán lena n-áirítear ballaí agus limistéar cúrsaíochta 771.8m^2 | Críochnaithe |
| Baile Átha Cliath | 76078Q | Coláiste Pobail na Sceirí Leamhcáin | 3 sheomra ranga ghinearálta 58.6m$^2$ 3 sheomra RSO 15m$^2$, 1 saotharlann eolaíochta 88.6m$^2$ 1 limistéar ullmhúcháin eolaíochta 38.5m$^2$ 1 seomra ealaíne 118.6m$^2$, 1 Seomra stórála & coimhdeach 38.5m$^2$ | Críochnaithe |
| Baile Átha Cliath | 76078Q | Coláiste Pobail na Sceirí Leamhcáin | 3 sheomra ranga ghinearálta 1 seomra Eacnamaíochta Baile agus 1 seomra Ealaíne | Céim an deartha |
| Baile Átha Cliath | 76078Q | Coláiste Pobail na Sceirí Leamhcáin | Balcóin a thiontú ina Seomra Eolaíochta | Críochnaithe |
| Baile Átha Cliath | 76454D | Coláiste Pobail an Ghrífín Leamhcán | 5 sheomra ranga ginearálta agus soláthar cóiríochta breise | Críochnaithe |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 70041J | C.P. Pháirc Bhaile Choilín Cluain Dolcáin | 2 Sheomra ranga príomha RSO (achar iomlán lena n-áirítear ballaí & limistéar cúrsaíochta 524m$^2$) | Críochnaithe. Oibreacha ar an láthair le haghaidh foirgneamh buan |
| Baile Átha Cliath | 70141N | Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn Ráth Miontáin | 2 Sheomra ranga RSO príomha | Ceadú Tosaigh |
| Baile Átha Cliath | 76062B | C.P. Chaisleán Cnucha | 4 sheomra ranga ginearálta, 1 leithreas, 2 Saotharlann eolaíochta | Críochnaithe |
| Baile Átha Cliath | 70120F | C.P. Fhinnéin, Sord | 1 seomra Eacnamaíocht Bhaile, 1 Seomra Ealaíne | Críochnaithe |
| Baile Átha Cliath | 20529J | P.S.N. an Mhóinéir Leathain Sord | 2 sheomraí ranga | Críochnaithe |

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board